


# Ofig an Ard-Aighne

## Tuarascáil Bhliantúil 2003

# Oifig an Ard-Aighne
# Tuarascáil Bhliantúil 2003

A Chorpraíonn

- An Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Fhorfheidhmiú - Ráiteas Straitéise 2003–2005
- An Dara Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn Fhorfheidhmiú Threoir Oifig Shráid Mhuirfean um Seirbhíse do Chliaint 2002–2004.





# Clár


Brollach ón Ard-Aighne

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

1 Forbhreithniú

2 Ráiteas Bunchuspóra agus Príomhchuspóirí
Leis an Bunchuspóir a chur i bhfeidhm mar atá luaite sa Ráiteas Straitéise 2003-2005

3 Príomh-Fhorbairtí 2003
Cuid I Forbairtí Dlíthiúla
Cuid II Forbairtí Eagraíochta

4 An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 1
An soláthar de shainseirbhísí dlíthiúla a fhorbairt i ngach réimse mórthábhachta don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

5 An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 2
Bainistiú daonacmhainní a fhorbairt mar thaca do chuspóirí ginearálta na hOifige, agus an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig

6 An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 3
A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlíthiúla atá de réir phrionsabail an Ardchaighdeáin Seirbhíse don Chustaiméir agus a thugann san áireamh clár an athraithe sa tseirbhís phoiblí

7 An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 4
Córais Faisnéise Teicneolaíochta a fhorbairt mar thaca d'imeachtaí gairmiúla, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse uile na hOifige, agus iad a mheas

8 An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 5
Rochtain a thabhairt don fhoireann ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhís ardchaighdeáin a thabhairt, trí acmhainní agus seirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus fios gnó a sholáthar agus a fhorbairt

9 An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 6
Cur le seirbhís éifeachtach phoiblí trí spreagadh agus cuidiú a thabhairt do chomhordú sheirbhísí dlí an Stáit

# Iarscríbhinní



Iarcríbhinn A: Billí Rialtais a Foilsíodh i 2003

Iarcríbhinn B: Billí Poiblí a Achtaíodh i 2003

Iarcríbhinn C: Sleachta as Cuntais Leithreasaithe 2003, AGO agus CSSO

Iarcríbhinn D: Ráiteas Comhaill: Tuairiscí ar Chleachtais Íocaíochta 2003, AGO agus CSSO

Iarcríbhinn E: Ionadaíocht Oifige ar Choistí, Ghrúpaí Oibre i 2003

Iarcríbhinn F: Staitisticí um Shaoráil Faisnéise 2003

Iarcríbhinn G: Cairt Eagraíochta

# Brollach ón Ard-Aighne

Is cúis áthais dom a bheith bainteach, athuair, le Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne.

Molaim tiomantas na mball foirne in ionaid éagsúla na hOifige a chinntíonn go ndéantar fónamh maith dár gcliaint trí shárleibhéal sheirbhíse a sholáthar. Tuigim, ach go háirithe, go bhfuil seirbhís leanúnach á soláthar ag am mórathraithe san Oifig, agus go bhfuil córais nua Teicneolaíochta Faisnéise á dtionscnamh a raibh an-phleanáil agus an-ullmhúchán ag teastáil lena n-aghaidh. Níl aon amhras orm ach go n-éireoidh leis an obair staidéarach atá déanta toradh luachmhar a bhaint amach agus go mbeidh feabhas mór ar an tseirbhís a chuirfear ar fáil do chliaint feasta.

**Rory Brady, SC**
Ard-Aighne



# Réamhrá an Ard-Stiúrthóir



**A Ard-Aighne**,
Seo *Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne don bhliain 2003*. Corpraíonn sé céad Thuarascáil na hOifige ar Dhul Chun Cinn Fhorfheidhmiú *Ráiteas Straitéise 2003–2005,* a cuireadh faoi do bhráid ar an 6 Nollaig 2002, agus an dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Fhorfheidhmiú Client Service Guide 2002–2004 ó Oifig Shráid Mhuirfean, agus *Customer Action Plan 2002–2004* ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil go bhfuil éileamh leanúnach á dhéanamh ar an Oifig chun comhairle dlí agus seirbhísí a sholáthar ar raon ilghnéitheach saincheisteanna, agus chun clár fairsing reachtaíochta a dhréachtadh, go minic ar fhógra gearr.

Cuireann na Tuarascálacha ar an Dul Chun Cinn ó Oifig an Ard-Aighne agus ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, a éiríonn faoi Chothú an Dul Chun Cinn agus a fhoilsíonn Grúpa Ráthaithe Feidhmíochta na Státseirbhíse arna n-imréitiú, tuairiscí nuashonraithe ar fáil faoi imeachtaí na hOifige.

Agus mé ag scríobh, tá an Oifig ag gabháil do roinnt tionscadal a chuimsíonn imeachtaí Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, araon:

- Rolladh amach an Chórais Bhainistíochta Airgeadais
- Ullmhúchán chun Córas nua Cásanna agus Taifead a phíolótú
- Críochnú na gCéad-Chairteanna Cliaint agus Custaiméara agus ullmhú na Treorach Seirbhíse nua agus an nua-Phlean Gníomhaíochta don Chustaiméir
- Críochnú an athdheartha intí agus athfhorbairt láithreán gréasáin na hOifige
- Cur Táblaí Cróineolaíochta, Reachta agus Ionstraimí Reachtúla 2003 ar láithreán gréasáin na hOifige
- Tosú na nAthbhreithnithe Caiteachais.

Is mian liom buíochas a ghabháil le foireann na hOifige as a gcuid cruaoibre dúthrachtaí.

**Finola Flanagan**
Ard-Stiúrthóir
Nollaig 2004





**David J. O'Hagan**
Príobh-Aturnae an Stát



**Deirbhle Murphy**
Príobh-Dhréachtóir Parlaiminte



# Caibidil 1: Forbhreithniú

Ba bhliain dhúshlánach í 2003 d'Oifig an Ard-Aighne.

- Ag teacht le Ráiteas Straitéise na hOifige, d'éirigh linn moll méadaithe reachtaíochta a chríochnú agus thosaíomar ar an gclár reachtaíochta a luadh sa Chlár don Rialtas 2002–2007 a chur i gcrích. Fad a bhí sin ar siúl againn, bhí orainn saincheisteanna a riar a bhí práinneach, tábhachtach agus fadtréimhseach, agus iad a chur in ord tosaíochta laistigh de na hacmhainní a bhí ar fáil againn.

- Sholáthraíomar na seirbhísí dlíthiúla a bhí á lorg ag ár gcliant-Ranna agus fuaireamar a dtuairimí faoin tslí ina bhféadfaí na seirbhísí sin a fheabhsú.

- Chuireamar straitéisí fadtéarmacha i bhfeidhm lena chinntiú go mbeadh acmhainn fáis leanúnach ag an Oifig. Lena linn sin, rinneamar iarracht a chinntiú go bhfuil agus go mbeidh riamh san Oifig timpeallacht an-dúshlánach, an-spreagúil, inar féidir feidhmiú ar bhonn gairmiúil.

- Tá ár bPlean Teicneolaíochta Faisnéise curtha chun cinn againn.

- Tá tús curtha againn le hinsealbhú nuachórais chomhtháite um bainistiú airgeadais.

- Tá an-chuid ball foirne nua earcaithe, oilte agus comhtháite againn.

- Tá cion déanta againn chun Rialtas níos fearr agus leasú na statseirbhíse a sheachadadh

- Tá dul ar aghaidh déanta againn ar:
  – forfheidhmiú an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)
  – ullmhú na gCairteacha Cliaint agus Custaiméara
  – tionscnaimh i leith *Sustaining Progress*
  – Tuarascáil Mullarkey ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta.

- Thionscnaíomar gnáthaimh bhainistíochta riosca.

- Tá Straitéis Bainistíochta Eolais glactha go foirmeálta againn, d'fhonn leas a bhaint as acmhainní intleachtúla na hOifige, agus tá moltaí roghnaithe curtha i bhfeidhm againn.

- Thosaíomar ag tabhairt faoi obair thras-Rialtais ar bhealaí nua, ag feidhmiú i bhfoirne ar shaincheisteanna casta trasghearrtha.

- Chuamar i mbun breis speisialtóireachta gairmiúla chun comhordú seirbhísí dlíthiúla an Stáit a chur chun cinn.

Tugann an Tuarascáil mionsonraí faoin dul chun cinn atá déanta againn sna pointí seo uile.

Leagann Caibidil 2 amach Ráiteas Bunchuspóra agus Príomhchuspóirí na hOifige.



Cuireann Caibidil 3 béim ar an réimse agus an sóirt seirbhísí dlíthiúla atá ar fáil agus ar forbaithe an eagraíocht i 2003. Pléann Caibidil 4-9 gnéith éagsúla den Phríomhchuspóirí Oifig an Ard-Aighne déanta; pléitear iad i beith an dul chun cinn a chureidh i gerích.

Déantar gnéithe den tuairseáil páirt tosniú den córas athraithe. Bíonn gnéithe éile éachta atí an Oifig fíor bródúil de.

# Caibidil 2: Ráiteas Bunchuspóra agus Príomhchuspóirí

**De réir *Ráiteas Straitéise 2003–2005* na hOifige:**
*Is é Bunchuspóir Oifig an Ard-Aighne, Seirbhísí Gairmiúla Dlí den Chaighdeán is Airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.*

Tá sé phríomhchuspóir a éiríonn as an Ráiteas Bunchuspóra. Is iadsan:

- An soláthar de shainseirbhísí dlí a fhorbairt i ngach réimse dlí a bhfuil mórthábhacht leis don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.

- Bainistiú na ndaonacmhainní a fhorbairt ar shlí a thacóidh le cuspóirí ginearálta na hOifige agus a fhorbróidh an fheidhm oiliúna agus forbartha laistigh den Oifig.

- A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlí ar bhealach a thagann le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin don Chustaiméir agus a thugann san áireamh clár an athraithe sa tseirbhís phoiblí.

- Córais Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt chun tacú le gach gníomhaíocht ghairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhísí atá ag an Oifig, agus iadsan a mheasúnú.

- A chinntiú go bhfuil teacht ag an bhfoireann ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar, trí leabharlann ghairmiúil, taighde agus acmhainní, agus seirbhísí fios gnó a chur ar fáil agus a fhorbairt.

- Cur le héifeacht na seirbhíse poiblí trí spreagadh agus cúnamh a thabhairt do chomhordú seirbhísí dlí an Stáit.

Tugann an Tuarascáil seo mionsonraí faoin dul chun cinn atá déanta ag an Oifig chun na príomhchuspóirí seo a bhaint amach i 2003.



# Caibidil 3: Príomh-Fhorbairtí 2003

## Cuid I: Forbairtí Dlíthiúla

**Obair Oifig an Ard-Aighne i 2003**

Tháinig fás leanúnach ar mhéid agus ar chastacht an ualaigh oibre san Oifig uile i rith na bliana, de thoradh comhairle dlí a cuireadh ar fáil don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí, an reachtaíocht a dréachtadh, agus na seirbhísí dlíthíochta, tíolacais agus idirbheartaíochta eile a soláthraíodh don Stát. Tá cuid de phríomhfhorbairtí oibre na hOifige i 2003 luaite thíos:

**Obair an Abhcóide Comhairligh i 2003**

Ba iad na príomhthosaíochtaí i 2003:

- Breis speisialtóireachta a fhorbairt i seachadadh comhairle dlí faoi shaincheisteanna a éiríonn as an *gClár don Rialtas* agus as an timpeallacht dlí i gcoitinne, lena n-áirítear forbairtí san AE, imscrúdú Oireachtais ar ionstraimí an CE/AE, ullmhúchán d'Uachtaránacht an AE i 2004 agus forfheidhmiú Choinbhinsiún Daonchearta na hEorpa.

- Sainchúram gach Grúpa Chomhairligh a athbhreithniú d'fhonn éifeacht a uasmhéadú agus dúbláil a dhíothú i soláthar seirbhísí, de bhun an Ráitis Straitéise nua agus na Treorach Seirbhíse don Chliant.

- Tosaíochtaí oibre a shocrú le cabhair athbhreithnithe rialta oibre, teagmhálacha le cliant-Ranna, agus Choiste Reachtaíochta an Rialtais.

- Ardleibhéal seirbhísí dlí a sholáthar go leanúnach i gcúrsaí dlíthíochta a bhfuil an Stát mar pháirtí dá gcuid agus i gcúrsaí idirbheartaíochta, araon.

Tá na hAbhcóidí Comhairleacha roinnte i gcúig ghrúpa, gach ceann acu ag plé le sainréimsí discréideacha dlí. Trí fheidhmiú laistigh de na Córais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS), agus trí leas a bhaint as deiseanna oiliúna agus forbartha, cuireadh go mór le saineolas na nAbhcóidí Comhairleacha.

Ar na príomhábhair a d'éiligh cúram na hOifige, bhí:

- Cúrsaí an AE
- Cúirt Cheartais na hEorpa
- Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine
- Saincheisteanna faoi Thuaisceart Éireann
- Cúrsaí Ceartais ó thaobh na peirspeictíochta baile
- An Dlí Comhshaoil
- Sláinte
- Oideachas (lena n-áirítear cursaí ídiú leanaí agus dlíthíocht faoi shainriachtanais oideachais)
- Olléilimh
- Binsí Fiosruithe.

Pléadh leis na ceisteanna seo agus le 'gnáthobair' sainghrúpaí, a bhfuil achoimre



uirthi sa rannóg seo. Léiríonn na saincheisteanna leithne, raon agus castacht obair na hOifige trí chéile.

## Cúrsaí an AE

Bhí sé réamh-mheasta go mbeadh Uachtaránacht Éireannach an AE i 2004 gnóthach agus dúshlánach, araon. Eagraíodh sraith cruinnithe athbhreithnithe le cliant-Ranna, mar ullmhú don Uachtaránacht, chun meastachán a dhéanamh ar mholtaí agus ar thionscnaimh reachtaíochta na Comhairle a bhí le teacht i bhfeidhm ag tús 2004 agus a d'éileodh comhairle dlí.

Measadh go mbeadh roinnt réimsí rannógacha gnóthach. Cuimsigh siadsan an dlí comhshaoil, saincheisteanna sláinte a bhaineann le taighde ar ghaschealla agus le cúrsaí maoine intleachtúla, agus an dlí Príobháideach Idirnáisiúnta, faoi choimirce Chomhdháil na Háige agus faoi na Grúpaí Oibre um Cheartas agus Gnóthaí Baile. Bhíothas ag súil freisin go mbeadh roinnt tionscnamh ann faoin dlí fostaíochta.

I gcúrsaí institiúideacha chuimsigh na príomhcheisteanna obair chomhairleach ar an gCoinbhinsiún um Thodhchaí na hEorpa agus ar Chairt na mBunchearta, dhá cheist a raibh buntábhacht ag baint leo d'Uachtaránacht na hÉireann.

### Tionchar reachtaíocht an AE

Éilíonn an tionchar a bhíonn ag tionscnaimh thábhachtach dlí an AE agus breithiúnais Chúirt Cheartais na hEorpa, comhairle dlí go minic.

Rinne Éire idirghabháil i gcásanna roimh Chúirteanna na hEorpa i dtaobh saincheisteanna spéisiúla de shóirt éagsúla, thar raon saineábhar dlí a raibh plé ag an Oifig leo. Bhain siad seo le saincheisteanna maidir le déantús, toirbhirt agus díol tobac, trádmharcanna, an dlí comhshaoil agus árachas breoiteachta.

Bhí an Oifig páirteach i gcomhairliúchán faoin gCreatchinneadh agus faoin reachtaíocht bhaile ina dhiaidh a thionscain Barántas Gabhála na hEorpa. Bhíothas ag plé, freisin, leis an Roinn Dlí is Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, leis na Gardaí agus le Seirbhísí na gCúirteanna, i leith ullmhúchán do thionscnamh Bharántas Gabhála na hEorpa ag an leibhéal feidhmiúil, rud a d'éiligh cur chuige comhordaithe.

Cuireadh comhairle ar fáil, freisin, faoi chomhaontaithe an AE / na SA maidir le eiseachadadh agus comhchúnamh.

### Ceartas agus Gnóthaí Baile i gcoitinne

Thug an Oifig comhairle maidir le líon mór tionscnamh reachtaíochta Eorpach i 2003, i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile. Tugadh comhairle, mar shampla, faoi mholtaí i dtaobh Ionchúisitheora Phoiblí don Eoraip agus Creatchinntí faoi chomhaithint pionós airgeadais, chomhaithint orduithe coigistíochta, agus astú sócmhainní agus fianaise. Breithníodh, freisin, an Páipéar Glas um Chosaint Cearta Gnáthaimh an Chúisí.

Rialúchán an Phaitin Phobail

Cuireadh chun cinn Rialachán nua Phaitean an Chomhphobail, a ghlacfaidh áit Choinbhinsiún Phaitean an Chomhphobail, sa Bhruiséal i 2003. Rinneadh obair, freisin, ar Rialachán Thrádmharc an Chomhphobail. D'éiligh an dá shraith moltaí seo sainchomhairle dlí na hOifige.

## Cúirt Cheartais na hEorpa

I 2003, freisin, rinneadh cúram de sholáthar seirbhísí dlí i gcomhthéacs le dlíthíochta i gCúirt Cheartais na hEorpa (ECJ), agus d'idirghníomhaíocht Oifig an Ard-Aighne leis an ECJ mar fhoras.

De thoradh plé ardleibhéil, shocraigh an Oifig córas a ligfeadh do dhlíodóirí in Oifig an Ard-Aighne agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit a bheith ceangailte, ar shocrúcháin ghearrthéarmacha, le seomraí na Cúirte i Lucsamburg. Abhcóide Comhairleach de chéim shinsearach ab ea an chéad duine a chuaigh agus bhí sí sa Chúirt ó thús mhí na Nollag 2002 go lár Márta 2003. Rinne an tAbhcóide Comhairleach taighde úsáideach sa Chúirt agus fuair sí léiriú luachmhar ar an tslí ina bhféadfadh Éire a cur chuige i leith dhlíthíocht ECJ a fheabhsú. Chuir sí roinnt tuairiscí agus cáipéisí ar fáil, freisin, dá comhghleacaithe san Oifig.

Chuaigh aturnae ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO) chun na Cúirte ar shocrúchán, ag díriú ar ghnáthaimh Clárlainne, ábhar a raibh tábhacht phraiticiúil leis CSSO, mar ghníomhaire na hÉireann. Tá sé i gceist go dtabharfaidh baill eile AGO/CSSO cuairt ar an gCúirt ar shocrúcháin bhreise.

## An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine

Bhí sé riachtanach go dtionscnófaí an tAcht um Chearta an Duine 2003 roimh dheireadh na bliana sin. Is forbairt an-suntasach í seo ar dhlí na hÉireann agus beidh tionchar praiticiúil aici ar mhórán gnéithe den reachtaíocht agus den riarachán poiblí.

Eagraíodh clár oideachais agus ardaithe feasachta san Oifig (lena n-áirítear Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit) faoin gCoinbhinsiúin, faoi dhlí-eolaíocht Strasbuirg agus faoi fhorbairtí sa RA, (tá Acht Cearta Daonna na RA 1998 an-chosúil le reachtaíocht na hÉireann), agus seoladh cuirí, freisin, chuig dlíodóirí i Ranna agus in Oifigí Rialtais.

Is tionscnamh tábhachtach é an clár seo ó thaobh saineolas speisialta a fhorbairt, seirbhísí dlí an Stáit a chomhordú, agus eolas a roinnt. Is tionscnamh tábhachtach i mbainistiú riosca í, freisin.

## Saincheisteanna Thuaisceart Éireann

Thug an Oifig comhairle leanúnach faoi na saincheisteanna dlí a éiríonn as obair na gcomhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh-Theas, faoin dréachtchomhaontú idirnáisiúnta a bhunaigh an Coimisiún Neamhspleách Faireacháin agus an tAcht um an gCoimisiún Neamhspleách Faireacháin 2003, faoi shaincheisteanna a éiríonn as Tuarascáil Barron ar an mbuamáil i mBaile Átha Cliath, Muineachán agus Dún Dealgán, faoi dhá thuarascáil Cory agus faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.



## Cursaí Ceartais ón bpeirspeictíocht bhaile

### Eiseachadadh agus Comhchúnamh

Thug an Oifig comhairle faoi thuairim is sé iarratas eiseachadta is tríocha a fuarthas le linn 2003. Thug an Oifig comhairle, freisin, faoin iliomaid iarratas ar chomhchúnamh.

Go háirithe, scrúdaigh an tArd-Aighne, de bhun a fheidhmeanna faoi Acht 1965, gach iarratas eiseachadta i leith cásanna ionchúisimh a tháinig isteach ón Ríocht Aontaithe. Mar chuid dá feidhmeanna, bhí cruinnithe ag an Oifig le húdaráis na RA, agus cruinnithe athbhreithnithe rialta le Ranna agus leis na Gardaí. Thug an Oifig cabhair don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun tuairisc bhliantúil a dhréachtadh don Dáil faoi na hiarratais eiseachadta ón RA.

Chomhairligh an tArd-Aighne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tAire Gnóthaí Eachtracha, mar ba chuí, faoi iarratais eiseachadta ó thíortha eile.

Thug an Oifig comhairle leanúnach don Lárúdarás Comhchúnaimh maidir leis na saincheisteanna dlíthiúla a d'éirigh as iarratais ar chomhchúnaimh.

Mar chríoch, thug an Oifig comhairle faoi reachtaíocht chun feidhm a thabhairt do roinnt Coinbhinsiún Eorpach agus Idirnáisiúnta i leith comhchúnaimh, faoi shaincheisteanna a tógadh maidir leis an mBille um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2003, agus faoin mBille um Cheartas Coiriúil 2003.

### Príosúin

Thug an Oifig comhairle maidir le riaradh na bpríosún agus gnéithe dlíthiúla de choinneáil daoine.

### An Garda Síochána

Thug an Oifig comhairle don Gharda Síochána ar ábhair ilghnéitheacha.

### An Dlí Coiriúil

Rinne an tArd-Aighne cinntí faoi dhá iarratas ag lorg deimhnithe, de bhun Alt 29 d'Acht na gCúirteanna Ceartais 1924, gur bhain pointe dlí a raibh tábhacht phoiblí thar an ngnách leis, le cinneadh na Cúirte Achomhairc Choiriúil, agus gurbh inmholta ó thaobh leas an phobail de go ndéanfaí achomharc ar an gCúirt Uachtarach.

Bhí an Oifig i dtadhall le Biúró na Sócmhainní Coiriúla agus thug sí comhairle faoin mBille um Fháltas ó Choireacht (Leasú) 1998.

### Tearmann

Tá dúshláin dhlíthiúla á dtabhairt go leanúnach san Ard-Chúirt ag sirtheoirí tearmainn ar theip orthu dearbhú stádais dhídeanaí a fháil. Ceann de na comhlachtaí riaracháin i gceist a thógann bunús na gcásanna seo, mar athbhreithnithe breithiúnacha ar chinntí. De bharr iarrachtaí na n-údarás inimirce a n-ordaithe díbeartha bailí a fhorghníomhú, nó diúltú a thabhairt ag port iontrála an Stáit, tógadh roinnt iarratas habeas corpus.

## Dlí an Chomhshaoil

Ardaíodh roinnt nuaphointí spéisiúla dlí i 2003 de bharr saincheisteanna comhshaoil.

### Núicléach

D'oibrigh an Oifig i dhá cásanna tabhachtach roimh binsí idir naisiúnta maidir leis an fhearas MOX ag Sellafield.

Thug an Oifig comhairle rialta don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi ábhair den chineál seo a leanas: Coinbhinsiún Pháras um Dhliteanas Tríú Páirtithe i Réimse an Fhuinnimh Núicléigh; moltaí Choimisiún an AE faoi shábháilteacht núicléach, bhreosla caite agus bhainistiú dramhaíle; an Treoir um Dhliteanas Comhshaoil atá molta, agus iompar sábháilte ábhar raidighníomhach.

D'fhreastail an Oifig ar chruinnithe teicniúla dlí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Adamhach agus na Gníomhaireachta um Fhuinneamh Núicléach, agus déantar monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí sa dlí núicléach idirnáisiúnta, le béim ar leith ar choinbhinsiúin faoi dhliteanais tríú Páirtithe i réimse an fhuinnimh núicléigh.

### Athrú Aoráide

Ábhar an-tábhachtach eile faoin gcomhsaoil ar thug an Oifig comhairle faoi, is ea Coinbhinsiún na NA um Athrú Aoráide agus Phrótacal Kyoto. D'fhreastail Abhcóide Comhairleach ó Oifig an Ard-Aighne ar sheisiúin de Chomhdháil na bPáirtithe, mar chuid de thoscaireacht na hÉireann, agus freastalaíonn sé ar an nGrúpa Saineolaithe Dlí faoin ábhar seo.

## Sláinte

Gné suntasach d'obair na nAbhcóidí Comhairleacha fós i 2003 ab ea saincheisteanna dlí maidir le sláinte agus soláthar seirbhísí sláinte. Go leor de na saincheisteanna a tógadh sna réimsí míochaine/dlíthiúla agus bitheiticiúla, tá siad úr agus casta, fad a bhfuil an creat dlíthiúil ag iarraidh coinneáil céim ar chéim le forbairtí saineolais.

Thug an Oifig comhairle don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí faoin mBille Deochana Meisciúla 2003 agus faoi reachtaíocht atá urraithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh leanaí agus inmheach d'fhógraíocht, d'urraíocht, do mhargaíocht agus do chothú alcóil.

Thug an Oifig comhairle faoi shaincheisteanna éagsúla a d'éirigh as reachtaíocht Heipitíteas C/HIV agus as an dlíthíocht a bhaineann léi.

## Oideachas

### Idiú Leanaí

Ba lárcheist don Oifig í gur ghá seirbhísí dlí a sholáthar do Ranna Rialtais i gcomhthéacs an Choimisiúin Fiosraithe um Ídiú Leanaí. Chuimsigh na seirbhísí seo, comhairliúchán faoi na hathruithe a moladh ar an reachtaíocht de bhun athbhreithniú an Rialtais, agus ceisteanna bainteacha.



Ba thosaíocht thábhachtach í bainistiú na reachtaíochta um ídiú leanaí, freisin. Cuimsíonn an dlíthíocht cásanna drochíde ag institiúidí a rachadh os comhair na gCúirteanna, cuid a rachadh chuig an mBord Sásaimh agus saincheisteanna discréideacha dlí maidir le líomhaintí i leith ídithe i mbunscoileanna nó i meánscoileanna neamhchónaitheacha.

### Sainriachtanais Oideachais

I réimse na sainriachtanas oideachais, tháinig méadú ar dhlíthíocht chun ceart bunreachtúil don saor-bhunoideachas a fhorghníomhú. Cuid de na saincheisteanna a léiríodh tríd an dlíthíocht, bhí baint lárnach acu leis an an Bille um Shainriachtanais Oideachais 2003 agus, níos moille, le roinnt moltaí faoin mBille um Mhí-bhuntáiste.

## Olléilimh

Oibríonn an Oifig le Ranna chun priaclach an Stáit de costais na n-olléileamh a slaghdú. .

Tá córais i bhfeidhm ag an Oifig a lamhálann comhordú le Gníomhaireacht Éileamh an Stáit i gcás éileamh tarmligthe, agus tá gaol dearfach aici leis an nGníomhaireacht.

## Saincheisteanna Tábhachtacha Eile

Bhí dlíthíocht ann i dtaobh achainíocha toghacháin, a rinne iarracht torthaí an Olltoghacháin i 2002 in dhá dáilcheantar a chur ar ceal. Tugadh comhairle maidir leis na himpleachtaí a bheadh ag cás McKenna do reifrinn. Agóideadh in aghaidh an ghá go mbeadh aontaitheoirí ag iarrthóirí neamhpháirtí, as é a bheith míbhunreachtúil. Agóideadh in aghaidh an bhaic ar shainordú dúbailte a bheith ag Comhairleoirí Contae agus Teachtaí Dála, as é a bheith míbhunreachtúil.

Thug an Oifig comhairle ar raon saincheisteanna tábhachtacha eile lena n-áirítear Bille um Bonneagar Iarnróid a moladh agus an Bille um Thionóntachtaí Cónaitheacha. Chomhairligh an Oifig, freisin, ar Bhille chun Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann a bhunú. Ba é Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann a bhunaigh an tÚdarás.
Tá ionadaíocht ag an Oifig ar Ghrúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí a bunaíodh faoin Acht um Fhorghníomhú Dlí na gCuideachtaí 2001. Thug an Oifig comhairle, freisin, ar shaincheisteanna ilghnéitheacha de Dhlí na gCuideachtaí agus den Dlí Tráchtála, an Dlí Árachais san áireamh. B'ábhar comhairle dhlí shubstaintiúil é breithiúnas na cúirte Uachtaraí i dtarchur Chuid V de Bhille Pleanála agus Forbartha 1999 (arbh é anois Acht Pleanála agus Forbartha 2000), faoi Alt 26 den Bhunreacht.

Tugadh comhairle do chliant-Ranna faoi ghnéithe éagsúla den dlí Oibreachais agus Fostaíochta agus faoi dhréacht-reachtaíocht, lena n-áirítear an Bille Comhionannais, an Bille um Chosaint Mháithreachais (Leasú), an Bille um Shaoire Uchtaithe agus an Bille um Rialáil na Státseirbhíse (Leasú).

Tugadh comhairle ar raon leathan saincheisteanna faoi chróinéirí, lena n-áirítear saincheisteanna íogaire a bhain le staid neasghaolta agus lucht sainleasa i stiúrú ionchoisní.

Gineann an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise agus Chosaint Sonraí iarratais leanúnacha ar chomhairle dlí lena mbíonn impleachtaí go minic a thrasnaíonn an státseirbhís ar fad.

### An Ghaeilge

Thug an Oifig comhairle i dtaca le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a bhfuil impleachtaí tábhachtacha leis don chóras riaracháin phoiblí.

### Binsí Fiosruithe

Is comhpháirt sonrach de na seirbhísí a sholáthraíonn Oifig an Ard-Aighne i gcónaí, comhairle a sholáthar do Bhinsí.

### Forbairtí i leith Soláthair Seirbhísí Dlí

Bhí Aturnaetha/Abhcóidí Comhairleacha páirteach i ngrúpaí oibre maidir le hAthchóiriú an Dlí um Chróinéirí, Dlí an Phósta agus Grúpa Athchóirithe na gCarthanas. Beidh Abhcóidí/Aturnaetha Comhairleacha páirteach, freisin, i mórthionscnamh chun Dlí na bPinsean a athchóiriú.

Bhí an Oifig páirteach i nGrúpa Oibre Fennelly um Dhlínse na gCúirteanna. Foilsíodh an Tuarascáil um Dhlínse Choiriúil na gCúirteanna i mBealtaine 2003.

Tá ball den Oifig ina ionadaí ag an Ard-Aighne ar Choistí Rialacha na Cúirte Dúiche, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Uachtaraí.

Bhí an Oifig páirteach i nGrúpa Códaithe an Dlí Choiriúil, a bhfuiltear ag súil lena thuarascáil go luath.

### An Coimisiún Athchóirithe Dlí

Thug an Oifig tacaíocht leanúnach don Choimisiún Athchóirithe Dlí agus ghlac sí cathaoirleacht ar Choiste Chomhairleach a chuir roimhe obair an Choimisiún Athchóirithe Dlí a chur á forfheidhmiú ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí sna Ranna.

Bhí cruinniú foirmeálta ag an Ard-Aighne leis an gCoimisiún Athchóirithe Dlí i dtaobh a chláir oibre, agus coinníonn na baill foirne ghairmiúla i dteagmháil le chéile ar bhonn neamhfhoirmeálta chun malartú faisnéise agus déanaimh ghnó a éascú de réir an dea-chleachtais bhainistíochta faisnéise.

### An Abhcóide Comhairleach i mBuan-Ionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséal 2003

Is í príomhobair an Chomhairleora Dlí, tacaíocht dhlíthiúil a thabhairt don Bhuan-Ionadaí agus don Leas-Bhuanionadaí i leith chláir reachtaíochta Coreper I agus Coreper II. Le linn 2003, bhain gné bhreise den obair seo le hullmhú oifigigh na Ranna uile d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhphobail na hEorpa ó Eanáir go Meitheamh 2004.



B'iad na príomhghnéithe neamhghnáthaimh d'obair an Chomhairleora Dlí i 2003, in ord cróineolaíochta:

- Faisnéisiú rannpháirtithe na hÉireann i gCiorcal Díospóireachta an Choinbhinsiúin i dtaobh Chúirt Cheartais na hEorpa
- Rianú imeachtaí Ghrúpa Oibre an Choinbhinsiúin um Shimpliú Ionstraimí Dlíthiúla
- Ullmhú clár agus cáipéisí in oirchill chathaoirleacht na hÉireann ar Ghrúpa Oibre na Cúirte Ceartais
- Páirt a ghlacadh in ullmhú chlár Uachtaránacht na hÉireann
- Páirt a ghlacadh mar thoscaire na hÉireann i nGrúpa Dréachtaithe an Chonartha Bhunreachtúil.

Tugadh Abhcóide Comhairleach ar iasacht, ó Shamhain 2003, don Bhuan-Ionadaíocht ar feadh thréimhse na hUachtaránachta.

### Obair an Dréachtóra Parlaiminte i 2003

Bhí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais (ODP) bainteach le dréachtadh lín mhóir Billí agus Ionstraimí Reachtúla. Foilsíodh sé Bhille Phoiblí is daichead (46) le linn na bliana (féach Iarscríbhinn A). Ina theanntasan, achtaíodh 46 Acht Phoiblí i 2003 (féach Iarscríbhinn B) agus osclaíodh 698 comhad in iomlán a bhain le hionstraimí reachtúla.

I measc na samplaí de phíosaí suntasacha reachtaíochta a dréachtadh nó a achtaíodh i 2003 bhí an méid seo a leanas:

- An tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003, a chorpraíonn sa dlí baile, ag an leibhéal fo-Bhunreachtúil, An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Bunsaoirsí.

- An Bille um Cheartas Coiriúil (Foirne Comhpháirtíochta um Imscrúdú) 2003, a thugann éifeacht do Chreatchinneadh an 13 Meitheamh 2002 de Chomhairle an Aontais Eorpaigh i dtaobh comhfhoirne imscrúdaithe.

- An tAcht um Barántas Gabhála na hEorpa 2003 a thugann feidhm do Chreatchinneadh an 13 Meitheamh 2002 de Chomhairle Aontas na hEorpa faoi bharántais ghabhála na hEorpa agus faoi ghnáthaimh géillte idir Ballstáit.

- An Bille um Aistriú Forghníomhaithe Pianbhreithe 2003 a thugann feidhm d'Alt 2 de Phrótacal Breise an Choinbhinsiúin um Aistriú Daoine Daortha a rinneadh i Strasburg ar an 18 Nollaig 1997, agus Caibidil 5 de Theideal III den Choinbhinsiún a fhorfheidhmíonn Comhaontú Schengen den 14 Meitheamh 1985 idir na Rialtais de Stáit Aontas Geilleagrach Benelux, Phoblacht Chonaidhm na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le cealú, céim ar chéim, seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha, a rinneadh ag Schengen ar an 19 Meitheamh 1990.

- Bille um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2003 a dhéanann soláthar do phíonósú ag cúirteanna sa Stát agus ag armchúirteanna i leith cinedhíothaithe, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta eile laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

- Acht an Gharda Síochána (Comhar Póilíneachta) 2003 a dhéanann soláthar de réir an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaiscirt Éireann maidir le Comhoibriú Póilíneachta, a rinneadh i mBéal Feirste ar an 29 Aibreán 2002, faoi cheapadh agus iasacht ball de Sheirbhís Phóilíneachta Thuaiscirt Éireann ag cibé ranganna sa Gharda Síochána a ordófar, iasacht ball den Gharda Síochána don tSeirbhís sin, agus ábhar bainteach eile.

- An tAcht um Choimisiúin Imscrúdaithe 2003 a dhéanann soláthar do bhunú coimisiún le himscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh faoi chúrsaí a mheastar imní shuntasach a bheith ar an bpobal ina dtaobh.

- An Bille um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2003 a thugann feidhm do na moltaí nár comhlíonadh i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Athbhreithniú na Reachtaíochta um Chosaint Mháithreachais a foilsíodh in Eanáir 2001.

- An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2003 a éascaíonn tabhairt saor-rochtain ar mhargadh saothair na hÉireann do náisiúnaigh Stát Aontasach an AE le héifeacht ó Bhealtaine 2004. Ní gá do náisiúnaigh na dtíortha seo ceadúnais fostaíochta a bheith acu a thuilleadh chun oibriú in Éirinn, ón dáta aontachais.

- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 a fhorfheidhmíonn forálacha na Treorach ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus a dhéanann foráil d'fheabhsú caighdeáin oibre an téarma shocraithe trína chinntiú go bhfeidhmítear prionsabal an neamh-idirdhealaithe, i dtreo nach bpléifear le hoibrithe an téarma shocraithe ar bhealach nach bhfuil chomh fábharach le buanoibrithe den chineál céanna.

- An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil 2003 a dhéanann soláthar do leasú forálacha ceadúnaithe an Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil 1992 agus an Achta um Bainistíocht Dramhaíle 1996, d'fhonn an dá chóras ceadúnaithe a athchóiriú go hiomlán de réir Threoir na Comhairle a thionscain córas um Chosc agus Rialú Comhtháite an Truaillithe ar fud an Chomhphobail.

- An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 a bhunaigh An Bord um Mheasúnú Díobhálacha Pearsanta (PIAB) mar chomhlacht reachtúil a bhfuil de chúram ar a Bhord measúnuithe a dhéanamh, gan gá le himeachtaí dlíthiúla, chun cúiteamh a fháil ar dhíobhálacha pearsanta.



- Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 a dhéanann soláthar do bhunú údaráis mhaoirseachta a mbeidh an chumhacht aige feidhmeanna rialaithe na gcomhlachtaí cuntasaíochta a mhaoirsiú agus ina theanntasan, soláthar chun na feidhmeanna reatha maidir le haithint comhlachtaí cuntasaíochta a aistriú chuig an údarás. Leasaigh an tAcht, freisin, Dlí na gCuideachtaí maidir le hiniúchóireacht agus cuntasaíocht.

- An tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003 a sholáthraíonn an creat reachtúil a éilíonn ar gach comhlacht árachais saoil a dhéanann gnó sa Stát fógra a thabhairt do shealbhóirí polasaithe neamhéilithe go bhfuil a leithéid ann. Sa chás nach féidir teacht ar an sealbhóir nó mura n-éilítear na cistí tar éis a bhfógartha, aistrítear glanluach airgeadaithe an pholasaí chuig Ciste na gCuntas Neamhghníomhach. Tugann an tAcht mionsonraí na ngnáthamh atá ann chun fáltais a aistriú agus a thabhairt ar ais do shealbhóirí i dtosca a leagtar síos san Acht.

- An tAcht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mhórócáidí)(Leasú) 2003 a thugann éifeacht bhreise do threoracha an AE a rialaíonn feidhmiú chearta eisiata craolacháin na gcraoltóirí.

- An tAcht um Ola-Thruailliú na Mara (Dliteanas agus Cúiteamh Sibhialta) (Leasú) 2003 a thugann éifeacht do phrótacal 1992 a leasaíonn an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Dhliteanas Sibhialta i leith Damáiste Ola-Thruaillithe, 1969.

- An Bille um an mBord Bia (Leasú) 2003 a dhéanann soláthar le haghaidh scor an Bhoird Ghlais agus aistriú a chuid feidhmeanna chuig Bord Bia.

- Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 a dhéanann soláthar d'atheagrú agus d'athainmniú Bhanc Ceannais na hÉireann agus do bhunú Údarás Rialaithe Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.

- An Bille um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2003 a dhéanann soláthar d'athchóiriú phróiseas na hearcaíochta sa Státseirbhís agus i gcomhlachtaí áirithe eile sa tSeirbhís Phoiblí.

Chomhoibrigh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) le Tithe an Oireachtais i lár 2003 ar Thionscadail chun Sainiú Cineál Caipéise (SCC) a fhorbairt do Bhillí atá le húsáid i dtimpeallacht XML i dTithe an Oireachtais. Cuireann an DTT teampláid ar fáil atá neamhspleách ar fheidhmchlár, agus a léiríonn téacs Billí ag céim ar leith den phróiseas reachtaíochta. Lamhálann sé traschur téacsanna Billí idir córais leictreonacha agus is céim bhreise é i dtreo an chláir ríomh-Reachtaíochta a bhfuiltear ag súil go ligfidh sé d'oifigigh i gcliant-Ranna agus don Dréachtóir Parlaiminte oibriú as an ríomh-cháipéis chéanna.

Chríochnaigh an Oifig tionscadal den chineál céanna ag deireadh 2003, chun DTD a fhorbairt le haghaidh ionstraimí reachtúla agus Athráiteas.

I Lúnasa 2003, d'aontaigh an OPC le hOifig na mBillí i dTithe an Oireachtais, roinnt athruithe a moladh ar fhormáid reatha agus ar thoirbhirtí Billí agus Achtanna, i bhfianaise na bhforbairtí i ndlínsí eile. Déanfar breis chomhairliúcháin le hOifig na mBillí maidir leis na hathruithe a mholtar. Caithfear faomhadh a fháil do na hathruithe seo ó chomhaltaí Thithe an Oireachtais; cuirfear na moltaí faoi athruithe faoi bhráid an Choiste Gnáthamh agus Pribhléidí ansin.

I Meán Fómhair 2003, chas Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas le comhaltaí Choiste Reachtaíochta an Rialtais agus le Rúnaí Cúnta an Rialtais maidir leis an leasú atá molta ar Lámhleabhar na Comh-Aireachta, i gcomhthéacs an tionscnaimh ríomh-ChomhAireachta. Rinneadh tuilleadh plé le Roinn an Taoisigh i nDeireadh Fómhair agus i Samhain 2003, chun an gnó a chur ar aghaidh.

## Obair Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i 2003

### An Rannán Dlí Phoiblí

Tá an Rannán Dlí Phoiblí roinnte ina dhá Rannóg, mar atá, An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta agus An Rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh. Le linn 2003, chlúdaigh an Rannán raon an-leathan dlíthíochta. Ba chásanna ardphróifíle an-chuid acu, iad íogair ó thaobh na polaitíochta de, an-chuid poiblíochta dírithe orthu, agus bhain iarratais éigeandála, dianteorainneacha ama agus ceisteanna casta dlí leo. Go minic rinneadh achomhairc ar an gCúirt Uachtarach i dtaobh na gcásanna seo agus, anois agus arís, tarchuireadh chuig Cúirt Cheartais / Choiriúil na hEorpa iad.

### An Ránnóg Tráchtála agus Bunreachta

De ghnáth théadh na cásanna a raibh an Rannóg seo ag plé leo chuig lánéisteacht iomlánach fhada, go minic den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda nó uaireanta den Chúirt Dhúiche, nó bhíodh achomharc ann don Chúirt Uachtarach. I measc na gceisteanna a d'éirigh sna cásanna seo bhí réimsí mar an dlí tráchtála, fostaithe conarthaí, árachais idirnáisiúnta, maoine intleachtúla, comhshaoil, pleanála, toghacháin, sláinte poiblí, leasa shóisialaigh, riaracháin, bunreachta agus Aontais Eorpaigh.

### An Rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh

Tugann Athbhreithniú Breithiúnach modh le rialú breithiúnach a fheidhmiú i leith gnímh riaracháin, agus is é an próiseas lena bhfeidhmíonn an Ard-Chúirt a dlínse i leith imeachtaí agus cinntí na n-íoschúirteanna, binsí agus comhlachtaí eile a mbíonn samhailfheidhmeanna breithiúnacha acu nó forfheidhmiú gníomhartha agus dualgas poiblí mar chúram orthu.

Pléann an Rannóg seo, freisin le habeas corpus, cásanna sonraithe, cásanna uchtála, aistriú daoine daortha, litreacha iarratais ó bhinsí eachtracha agus seirbheáil cáipéisí faoi Rialachán Chomhairle an AE Uimh. 1348/2000 agus Choinbhinsiún na Háige, 1965, maidir le



seirbheáil thar lear cáipéisí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha i gcúrsaí sibhialacha agus tráchtála.

### Cásanna Tearmainn

Le linn 2003,tugadh cuid mhór breitheanna tábhachtacha san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach ar chásanna tearmainn le linn na bliana. Ba í an bhreith ba thábhachtaí agus ba chuimsithí go mór ná an bhreith i gcás Lobe agus Osayande, breithiúnas cinniúnach a thug an Chúirt Uachtarach in Eanáir 2003, lenar chinn an Chúirt, inter alia, nach bhfuil ceart uathoibríoch ag tuismitheoirí neamhnáisiúnach de chuid leanaí a rugadh in Éirinn cónaí a dhéanamh sa dhlínse seo.

### Binsí Fionraithe

Le linn 2003, chuir Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit Aturnae ar leith ar fáil ar bhonn leanúnach mar ionadaí do Choimisinéar an Gharda agus don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag an mBinse Fiosraithe um ghearáin in aghaidh Gardaí Rannán Dhún na nGall, agus ionadaíocht don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag an mBinse Fiosraithe faoi Íocaiochtaí do Charles Haughey agus Michael Lowry. Ina theanntasan, thug an Oifig ionadaíocht do Choimisinéar an Gharda ag an mBinse Fiosraithe um Fhíricí agus Tosca a bhain le Lámhach Marfach John Carty ag Mainistir Leathrátha agus ionadaíocht don Aire Airgeadais agus don Ard-Aighne thar ceann Leas an Phobail ag an mBinse Fiosruithe um Chúrsaí agus Íocaíochtaí Áirithe Pleanála.

### Acmhainní Nádúrtha

I 2003, chuir an Oifig seirbhísí dlí ar fáil don Roinn Cumarsáide Mara agus Acmhainní Nádúrtha maidir le forbairt Mhachaire Gáis Seven Heads.

### Cailiúint Éisteachta an Airm

Bunaíodh Rannóg chailiúint Éisteachta an Airm i 1995 chun déileáil go heisiach le dlíthíocht na cailiúna éisteachta a thug baill agus iarbhaill na bhFórsaí Cosanta in aghaidh an Stáit.

# Caibidil 3: Príomh-Fhorbairtí 2003 Cuid II

## Cuid II: Forbairtí Eagrúcháin

**Coistí Comhairleacha Bainistíochta**
D'fhonn nuachóiriú na hOifige a léiriú, tá Comhchoiste Comhairleach Bainistíochta ann (Príomh-MAC), ar a bhfuil ionadaithe na bainistíochta sinsearaí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, chun an tArd-Stiúrthóir a chomhairliú ar shaincheisteanna comhimní sa dá Oifig. Tá Coistí Comhairleacha Bainistíochta ar leith sa dá Oifig, freisin, chun an tArd-Stiúrthóir, Príomh-Aturnae an Stáit agus an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte a chomhairliú, mar is cuí.

Le linn 2003, bhí príomhfhócas leanúnach an Chomhcoiste Chomhairligh Bainistíochta (Príomh-MAC) agus na gCoistí Comhairleacha Bainistíochta ar leith, dírithe ar shaincheisteanna dlí, gairmiúla agus eagraíochta, agus ar shaincheisteanna a d'éirigh as Tionscnamh na Bainistíochta Straitéisí.

**Soláthar Foirne**
Faoi dheireadh 2003, ba é 123 (127 i 2002), le 6.5 folúntas, an leibhéal foirne a ceadaíodh in Oifig Shráid Mhuirfean, agus 237 (237 i 2002), le 13 folúntas, in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. I rith na bliana earcaíodh foireann nua chomhairleach agus dhréachtaithe, dhlíthiúil, riaracháin agus chléireachais in Oifig Shráid Mhuirfean agus foireann dhlíthiúil, theicniúil agus riaracháin in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

### Ráiteas Nua Straitéise
Foilsíodh *Ráiteas Straitéise 2003–2005* na hOifige in Aibreán 2003, agus cuireadh na leaganacha clóbhuailte Béarla agus Gaeilge ar fáil agus taispeánadh ar láithreán gréasán na hOifige iad in Iúil 2003.

### Na Cairteanna Cliaint agus Custaiméara
Cheap Oifig Shráid Mhuirfean Fo-Choiste den Choiste Comhpháirtíochta chun breithniú ar an dóigh ina bhféadfadh an Oifig comhairle a ghlacadh le cliaint d'fhonn céad Chairt Chustaiméara na hOifige a ullmhú. Thionscain Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, freisin, ullmhúcháin do chéad Chairt Chustaiméara na hOifige. Tá an dul chun cinn a rinneadh luaite i gCaibidil 6 den Tuarascáil seo.

Rinne na hOifigí dul chun cinn suntasach, leanúnach ar fhorfheidhmiú na Straitéise Teicneolaíochta Faisnéise. Díríodh go príomha i 2003 ar chur chun cinn fhorfheidhmiú an Chórais Bhainistíochta Cásanna agus Taifead nua, agus céad Chóras Bainistíochta Airgeadais comhtháite na hOifige. Taispeántar an dul chun cinn a rinneadh i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

Ullmhaíodh Straitéis Bainistíochta Eolais 2003-2005 le linn 2003 agus taispeántar sin i gCaibidil 8 den Tuarascáil seo.

## Atheagrú Laistigh den Oifig

**Seirbhísí Dlí**
Le linn 2003, rinne Oifig Shráid Mhuirfean athreagrúchán leanúnach chun freastal ar



riachtanais athraitheacha an Rialtais, na gcliant-Ranna agus na nOifigí, agus chun leanúint dá straitéis i leith speisialtóireachta breise i réimsí tábhachtacha.

Ceapadh foireann de sheisear speisialtóirí dlí ag leibhéal príomhaturnae in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

**An Coiste Iniúchóireachta**

Chuidigh an Coiste Iniúchóireachta le forbairt róil agus cláir oibre an iniúchóra inmheánaigh i rith na bliana. I mí Feabhra agus i mí na Nollag 2003 fuair an Coiste toirbhirtí ó Bhainisteoirí Tionscadail atá freagrach as an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead nua, as an gCóras Bainistíochta Airgeadais agus as an gCóras r-Reachtaíochta, agus ó Bhainisteoirí na Teicneolaíochta Faisnéise. D'athbhreithnigh an Coiste na hiniúchtaí a rinne an tIniúchóir Inmheánach i rith na bliana maidir le córas íocaíochta na dTáillí Abhcóide, Taisteal Thar Lear, agus Tacsaithe agus Cúiréirí, in Oifigí Shráid Mhuirfean agus Phríomh-Aturnae an Stáit agus i gCoimisiún Athchóiriú an Dlí. Athbhreithníodh, freisin, an Stampa Frainceála Poist in Oifig Shráid Mhuirfean. Ina theanntasan, chuir an Oifig treoir agus tacaíocht ar fáil chun straitéisí bainistíochta riosca a fhorbairt sa dá Oifig, rud a chuir tús le hathbhreithniú ar phleananna gnó uile na hOifige, faoi réir na dTreoirlínte um Bainistiú Riosca a d'eisigh an Roinn Airgeadais.

**Cuntasóir Gairmiúil**

I Márta 2003, cheap Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit Cuntasóir Gairmiúil chun saineolas cuntasaíochta a sholáthar i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an Chórais Bhainistíochta Airgeadais nua san Oifig agus thionscnamh an Chreata Faisnéise.

**An Creat Faisnéise Bainistíochta**

Is príomhghné d'fhorbairt Chreat Faisnéise na Bainistíochta (MIF) é forfheidhmiú Córais Bhainistíochta Airgeadais nua. Tar éis comhairliúcháin leis an Lárionad Forbartha Bainistíochta agus Eagrúcháin sa Roinn Airgeadais, eisíodh iarratas ar thairiscintí ar an 1 Lúnasa 2003. Rinne an Oifig na freagraí don iarratais ar thairiscintí a mheas agus roghnaíodh roghadhíoltóir i Samhain 2003. Tá an dul chun cinn i leith fhorfheidhmiú an Chórais Bhainistíochta Airgeadais nua agus forbairtí eile MIF i 2003 mionsonraithe i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

**An Tuarascáil ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey)**

Go luath i 2003, thug Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun críche a bPleananna Gníomhaíochta chun moltaí Thuarascáil Mullarkey a fhorfheidhmiú. Rinneadh dul chun cinn maith air i rith na bliana, lena n-áirítear tionscnamh athbhreithnithe ar gach Plean Gnó in Oifig Shráid Mhuirfean a chuimsíonn measúnú cuí rioscaí. Rinne an tIniúchóir Inmheánach, i gcomhar leis an gCuntasóir Gairmiúil, suirbhé ar na gnáthaimh airgeadais inmheánacha sa dá Oifig agus thug na hAonaid Leabharlainne agus Fios Gnó chun críche Pleananna Tubaiste agus Athghabhála do gach Leabharlann ar

leith. Nuashonraíodh na Gnáthaimh Chuntasaíochta Ghinearálta in Oifig Shráid Mhuirfean i lár 2003, mar fhreagra ar na moltaí a d'éirigh as Tuarascáil Mullarkey.

In Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i Lúnasa 2003 rinneadh anailís phíolótach riosca i réimse an Dlí Phoiblí. Leis an anailís seo bhíothas in ann réiteach nua ríomhairebhunaithe a thionscnamh chun ardchaighdeán an phróisis a ráthú.

**Buanú an Dul Chun Cinn**
*(Sustaining Progress)*
Tá an Oifig lántiomanta d'fhorfheidhmiú chomhaontú na comhpháirtíochta shóisialaí, *Sustaining Progress*. In Iúil 2003, thug Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun críche Pleananna Gníomhaíochta ina raibh gníomhartha sonraithe chun comhghealltanais na státseirbhíse a aimsiú, mar a d'éiligh Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse (CSPVG). I nDeireadh Fómhair 2003, thug na hOifigí a gcéad Thuairiscí faoin Dul Chun Cinn ar fhorfheidhmiú na bPleananna Gníomhaíochta. Ar bhonn na dTuairiscí seo faoin Dul Chun Cinn, chinn an CSPVG go raibh Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit cáilithe d'íoc na dámhachtana pá thagarmharcála a bhí dlite don 1 Nollaig 2003. Foilsíodh na Tuairiscí faoin Dul Chun Cinn ar láithreán gréasáin na hOifige.

**Rialú Feabhsaithe** *(Better Regulation)*
Ag teacht le gealltanas an Rialtais go bhfoilseofaí Ráiteas Náisiúnta Beartais um Rialú Feabhsaithe, bhí tionchar mór ag moltaí faoin rochtain ar Dhlí Reachtúil na hÉireann agus faoina chomhtháiteacht a fheabhsú, ar obair na hOifige i 2003. Sannadh Stiúrthóir Aonad Athchóirithe an Dlí Reachtúil (SLRU) don Ghrúpa Ard-Leibhéil chun cabhrú le hullmhú an Pháipéir Bháin um Rialú Feabhsaithe a foilsíodh le linn Shamhradh 2003.

Le linn 2003, chomhoibrigh an tAonad leis an Rannán um Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí i Roinn an Taoisigh i leith obair an Ghrúpa Ard-Leibhéil ar fhorfheidhmiú Thuarascáil an OECD um Athchóiriú an Rialaithe. Sa chomhthéacs seo, d'oibrigh an SLRU mar ionadaí an Stáit ar Ghrúpa Oibre an OECD um Bainistiú an Rialaithe, agus chuidigh sé ina cuid oibre le Cónaidhm na Rúise agus d'fheidhmigh mar phiar-athbhreithneoir na Fraince. Chuidigh an SLRU leis an OECD trí bheith páirteach i saotharlann APEC/OECD chun seicliosta a dhréachtadh le haghaidh féin-athbhreithniú thíortha APEC/OECD ar a gcaighdeáin rialaithe.

**Tionscnaimh Oibre Trasfheidhme**
Tá an Oifig tiomanta don chomhar agus do thionscnaimh thrasfheidhme. Le linn 2003, d'fheidhmigh foirne trasfheidhme, ar a raibh baill ó Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, ar an Tionscadal um Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead, an Tionscadal um Chóras Bainistíochta Airgeadais, an Tionscadal um Chóras Bainistíochta Acmhainní Daonna, Tionscadal na Bainistíochta Eolais, agus ar thionscadail eile. Bhí foireann ó Oifig na nDréachtóirí Pharlaiminte páirteach le foireann ó Thithe an Oireachtais sa tionscadal



r-Reachtaíochta, agus le foireann ó Roinn an Taoisigh in athbhreithniú Lámhleabhair na Comh-Aireachta i gcomhthéacs na r-ChomhAireachta.

Ina theanntasan, d'oibrigh foireann ó Oifig Shráid Mhuirfean, i gcomhairle le foireann ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus ó Ranna agus Oifigí eile, ar shaincheisteanna ar nós próisis íocaíochta na dTáillí d'Abhcóidí, chruthú na dtéarmaí tagartha d'Athbhreithnithe Caiteachais agus fhorfheidhmiú Thuarascáil Mullarkey agus Thuarascáil Nally ar Atheagrú Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

### Solúbthacht Eagraíochta in Oifig Shráid Mhuirfean

Aithníonn an Oifig gur gá moltaí a fhorfheidhmiú chun solúbthacht na heagraíochta a mhéadú. In Oifig Shráid Mhuirfean bíonn soghluaisteacht mhór foirne idir Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Aonad Athchóirithe an Dlí Reachtúil, idir Grúpaí Dréachtóirí Parlaiminte agus, freisin, idir Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha, d'fhonn freagairt d'éilimh phráinneacha oibre.

Le linn na bliana bhí an méid seo a leanas i measc na sainsamplaí solúbthachta a léirigh Oifig Shráid Mhuirfean:

- Sannadh bainisteoirí tionscadail lánaimseartha don Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead, doan chóras r-Reachtaíochta agus do thionscadail an Chórais Bhainistíochta Airgeadais
- Foireann dlithiúil agus Riaracháin ar fáil do Thionscadail IT éagsúla
- Sannadh, gan athsholáthar, an dara Abhcóide Comhairleach do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséil ó dheireadh na Samhna 2003, ar feadh tréimhse seacht mí, mar fhreagra ar an éilimh mhéadaithe i gcomhthéacs Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpaigh i 2004
- Sannadh Abhcóide Chomhairligh a fheidhmeoidh go lánaimseartha ar shaincheisteanna tábhachtacha an Dlí Núicléigh (dlíthíocht i dtaobh fhearas MOX ag Sellafield)
- Sannadh Abhcóide Chomhairligh Shinsearaigh ar sheal trí mhí a chríochnaigh i lár Márta 2003, chun oibriú leis an mBreitheamh Éireannach ar Chúirt Choiriúil na hEorpa
- Malartú fhoireann Chlárlainne na hOifige le pearsanra ó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun taithí a thabhairt dóibh ar chórais chomhdaithe a chéile roimh thionscnamh an nua-Chórais Bainistíochta Cásanna agus Taifead
- Oiliúint pearsanra an Aonaid Airgeadais i bhfeidhmeanna cuntasaíochta a bhí á ndéanamh cheana thar ceann na hOifige ag Brainse na gCuntas sa Roinn Airgeadais
- Oifigeach Feidhmiúcháin tugtha ar iasacht, gan athsholáthar, mar thobhach Rialtais

don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

- Géilleadh poist Oifigigh Chléireachais, de thoradh chinneadh an Rialtais go laghdófaí líon foirne na seirbhíse Poiblí.

Tharla an tsolúbthacht seo fad a bhí obair na hOifige ag méadú. Is gá don fhoireann atá fágtha déileáil leis an obair a bhí á déanamh cheana ag foireann athdháilithe na bpost a géilleadh.

I 2003, freisin, chomhoibrigh foireann comhdhéanta de lucht Clárlainne, dlí, dréachtaithe agus riaracháin ar shainaithint cáipéisí a bhí le haistriú chuig Oifig na Clárlainne Náisiúnta agus le scaoileadh in Eanáir 2004. I rith na bliana, aistríodh roinnt cáipéisí ón tréimhse réamh-1973 a sainaithníodh i rith an phróisis. Roimhe seo fuarthas comhlacht ón earnáil phríobháideach lasmuigh chun an obair seo a dhéanamh.

Bhí líon mór foirne tacaíochta á n-aistriú idir a nGrúpaí ainmnithe chun asláithreachtaí nó mórualaí oibre a chumhdach. Sa tslí céanna, thosaigh an Oifig ag oiliúint foirne ar bhonn deonach chun cumhdach a thabhairt i sainréimsí, e.g. Oifigí Príobháideacha.

**Solúbthacht Eagrúcháin in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit**

Tá solúbthacht eagrúcháin mar thosaíocht ag an Oifig, agus atheagraítear baill foirne, dualgais agus rannóga go rialta mar fhreagra ar éilimh athraíocha na gcliant. Le linn 2003 d'aithin an Oifig réimsí inar theastaigh seirbhísí níos speisialaithe ó chliaint, agus d'ailínigh sí earcaíocht, oiliúint agus struchtúir eagraíochta dá réir.

Bhí an Oifig solúbtha i gcónaí ag dáileadh hacmhainní foirne ar Bhinsí Fiosraithe. Cuireadh seisear aturnaetha ar fáil le feidhmiú ag Binsí Fiosraithe comhuaineacha. Ina theanntasan, chuir an Oifig beirt Aturnaetha ar fáil, mar ba ghá, chun seasamh le Leas an Phobail ag Binsí.

Tá beirt Aturnaetha curtha ar fáil ag an Oifig chun déileáil leis an eadráin idirnáisiúnta in aghaidh na Ríochta Aontaithe, ag éirí as feidhmiú fhearas MOX i Sellafield, agus d'fhorbair sí, dá réir, a hinniúlacht i réimse an Dlí Núicléigh.

I rith na bliana bhí chuid de na nithe seo a leanas i measc na sainsamplaí solúbthachta ba shonraithí a léirigh an Oifig:

- Bunaíodh painéal d'aturnaetha ar fhostaíocht ghearrthéarmach (ar nós locum) chun ionad na foirne ar shaoire gairme agus ar shaoire sínte a ghlacadh.
- Ag teacht le polasaí na hOifige maidir le hobair a chur chuig foinsí lasmuigh i dtosca áirithe, chuir an Oifig gach dualgas 'cléireachais' lasmuigh chuig comhlacht príobháideach agus rialaítear an tseirbhís chun shástacht na hOifige trí chomhaontú faoi leibhéil seirbhíse.



- D'fhostaigh an Oifig comhlachtaí aturnaetha seachtracha, le saineolais ar leith, chun feidhmiú thar ceann an Stáit i bhforbairtí tráchtála ardphróifíle ar acmhainní nádúrtha. Tharla seo i dtrí chás ar a laghad.

- Tar éis Iarratais a eisiúint le haghaidh Dearbhuithe Leasa agus agallaimh a eagrú, thosaigh an Oifig ag bainistiú painéal aturnaetha seachtracha d'Oifig na nOibreacha Poiblí, chun sainseirbhís dlí a sholáthar don OPW ar chostais iomaíocha. Tá seo uile de bhreis ar an obair a dhéanann an Oifig go díreach don OPW.

## Coistí Comhpháirtíochta

Bhí páirt lárnach ag na Coistí Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit san fhorbairt leanúnach ar chultúr an athraithe sna hOifigí, rud a bhí tosaithe ag *Comhpháirtíocht 2000* agus athdhaingnithe ag comhaontú na comhpháirtíochta sóisialaí, *Sustaining Progress.* Mar léiriú ar a inchur méadaithe i reáchtáil Oifig Shráid Mhuirfean, ach go háirithe, tagann an Coiste Comhpháirtíochta le chéile go míosúil seachas go démhíosúil. I rith na bliana, bhí an dá Choiste, a bhfuil ionadaíocht tras-Oifige orthu, dírithe ar a bplé le croícheisteanna Oifig-bhainteacha agus ar ábhair a bhain le forfheidhmiú Thionscnamh na Bainistíochta Straitéisí.

I measc na bpríomhcheisteanna lenar phléigh an Coiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean bhí an Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha, Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir, forfheidhmiú an Phlean TF, cur ar aghaidh Chreat na Faisnéise Bainistíochta, Oiliúint agus Forbairt, r-Oibriú, Pá Fiúntais, Cumarsáid, Promhadh, leasuithe ar Bheartas Taistil Thar Lear na hOifige, Beartas Fóin an Líne Talún agus Beartas Idirlín. D'aontaigh an Coiste ag deireadh 2003 go leanfadh gach mórthionscadal san Oifig modheolaíocht na Bainistíochta Tionscadail.

Phléigh an Coiste Comhpháirtíochta in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit na saincheisteanna thuas, freisin, agus rinne Fo-Choistí scrúdú leanúnach ar oibriú solúbtha agus r-Oibriú, ar chóiríocht, Bheartas TF, Phleanáil Gnó, Chreat na Faisnéise Bainistíochta agus ar Acmhainní Daonna.

In Oifig Shráid Mhuirfean rinne Fo-Choiste den Chomhpháirtíocht monatóireacht ar fhorfheidhmiú Phlean Gníomhaíochta na hOifige faoi *Sustaining Progress.*

## Iarratais ar Shaoráil Faisnéise

Tá na staitisticí i dtaobh iarratas chuig Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit faoin Acht um Shaoráil Faisnéise leagtha amach in Iarscríbhinn F. Fuarthas ocht n-iarratas déag in Oifig Shráid Mhuirfean; deonadh cúig cinn acu agus páirtdeonadh ceithre cinn. Fuarthas sé iarratas in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, ach níor deonadh ceann ar bith acusan.

# Caibidil 4: An Dul Chun Cinn Déanta ar Aimsiú Príomhchuspóir 1

## Príomhchuspóir 1

**An soláthar sainseirbhísí dlí a fhorbairt i ngach réimse atá mórthábhachtach don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí**
De bharr raon, toirt agus castacht mhéadaithe na hoibre a fhaightear san Oifig, ó leathnaigh an Rialtas a chlár reachtaíochta go mór, agus ó tá an dlí agus dlíthíocht á dtaobhú ar bhonn i bhfad níos leithne, tá an Oifig, mar fhreagra, tar éis tuilleadh speisialtóireachta a thionscnamh ag Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte, agus ag an bhfoireann aturnaetha agus dhlíthiúil. D'fhéadfadh an Oifig bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an tslí a bhfreagraíonn sí do na héilimh mhéadaithe seo, trí iarracht a dhéanamh a speisialtóireacht a ailíniú go dlúth le riachtanais na gcliant-Ranna.

I measc na straitéisí atá ann leis an gcuspóir seo a aimsiú tá:

- Le cabhair suirbhéanna cliaint agus aiseolas ó chliaint agus ár n-anailís féin, réimsí dlí a shainaithint a mbeidh comhairlí dlí ag teastáil ina dtaobh, i.e., riachtanais cliaint a réamh-mheas, agus scrúdú a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun an chomhairle seo a sholáthar.

Go háirithe, sainaithne a chur ar:

> na réimsí reatha atá ag méadú;
> réimsí nua;
> réimsí atá ag meath;
> agus, nuair is gá, prótacail a cheapadh do na bealaí foirmithe agus seachadta comhairle

- Comhairle a thabhairt ar bhealach a chinntíonn íoslaghdú na ndámhachtainí/socraíochtaí in aghaidh an Stáit i gcásanna díobhála pearsanta. Tá dhá chomhpháirt i gceist anseo. Sa líon beag catagóirí éilimh i leith díobhálacha pearsanta atá fós faoi rialú na hOifige (agus i gcineálacha eile ollghníomhaíochta), comhairle chuí dlí a sholáthar, dírithe ar an gcuspóir seo, agus grúpaí éileamh comhthréitheacha a bhainistiú ar bhealach straitéiseach. I gcás na n-éileamh a tharmligtear chuig Gníomhaireacht Éileamh an Stáit, ach a gcoinníonn an tArd-Aighne cumhacht threoraithe ina leith, oibriú go dlúth agus i gcomhar leis an nGníomhaireacht chun toradh optamach a bhaint amach don Stát.

- Comhairle chuí dlí a sholáthar maidir le meicníochtaí fiosraithe faoi ábhair a bhfuil suim phráinneach nó shontasach ag an bpobal iontu. Thabharfadh comhairle dlí dá shórt aird ar mhian an Rialtais go mbeadh meicníochtaí fiosraithe ann a chinntíonn luach ar airgead don cháiníocóir.

## An Dul Chun Cinn a Aimsíodh

**An Taobh Comhairleach d'Oifig Shráid Mhuirfean**
Le linn 2003, dhírigh an taobh Comhairleach d'Oifig Shráid Mhuirfean ar fhorbairt leanúnach na speisialtóireachta, mar an eochar chun príomhchuspóirí agus



príomhstraitéisí na hOifige a aimsiú. Thionscain an Oifig athbhreithniú iomlán ar ualach oibre agus ar chomhdhéanamh gach Grúpa Chomhairligh. Shainaithin an anailís seo na réimsí dlí atá á nochtadh (e.g. dlíthíocht fhéideartha leatroime, ábhair mhíocha-dhlíthiúil, dlíthíocht bhunscoile) réimsí dlí atá ag leathnú (e.g. obair an AE i réimsí ceartais agus gnóthaí baile), cearta daonna, comhionannas agus déileáil chomhionann, an comhshaol agus an dlí príobháideach idirnáisiúnta agus an gá atá ann go réamh-mheasfaí riachtanais na gcliant agus an t-aiseolas a fhaightear ó chliaint i ngach réimse dlí. Mar thoradh ar an athbhreithniú, dhírigh dlíodóirí cuid mhór ar ábhair dhlí ghaolmhara a ghrúpáil le chéile ar bhealach níos loighiciúla. D'éascaigh sé, freisin, cur chuige níos comhardhírithe i leith láimhseáil ualaigh oibre atá ag síormhéadú.

I Meán Fómhair 2003, thug an Oifig oiliúint fhairsing ar dhlí Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta Daonna (ECHR) don fhoireann san Oifig, lena n-áirítear Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus i Ranna Rialtais eile. Eagraíodh tionscadal píolótach i Márta 2003 chun feasacht a mhéadú i leith dhlíthíocht Chúirt Cheartais na hEorpa (ECJ) tríd an *Official Journal* a scaipeadh i bhfoirm leictreonach.

Le linn 2003, lean gach Grúpa Comhairleach, tríd an aiseolas a fuarthas ó chliaint ag cruinnithe foirmeálta agus neamhfhoirmeálta le Ranna i rith na bliana, na córais a luadh i bPleananna Gnó na nGrúpaí chun saincheisteanna straitéiseacha nua a aibhsiú agus saincheisteanna arbh ábhair imní do chliaint iad a choigeartú.

I rith na bliana, ghlac an taobh Comhairleach céimeanna chun riachtanais na gcliant a réamh-mheas, soláthar tráthúil sainseirbhísí dlí a optamú, agus seirbhís don chliaint a fheabhsú dá bharrsan. Fad a bhí an méadú mór ar chúrsaí tearmainn agus inimirce á réamh-mheas aici, d'athshann an Oifig freagracht as ábhair dá shórt ó Ghrúpa Comhairleach amháin do Ghrúpa eile, d'fhonn seirbhís níos éifeachtaí a sholáthar don chliant.

Le linn 2003, freisin, tháinig grúpaí tábhachtacha neamhfhoirmeálta le chéile go rialta san Oifig. Le cabhair Chruinniú míosúil na Saincheisteanna Dlí (a thógann saincheisteanna dlí arb ábhair imní choitianta iad), ghrúpa na ndlíodóirí tearmainn, chruinnithe rialta na ngrúpaí comhairleacha dlí éagsúla, dhá chruinniú sheachtainiúla na 'gComhordaitheoirí' ar a bhfreastalaíonn Abhcóidí Comhairleacha Grád I, an Leas-ArdStiúrthóir agus an tArd-Stiúrthóir, pléadh forbairtí dlí agus ábhar gaolmhar laistigh den Oifig. Cuireann na cruinnithe seo deis thábhachtach ar fáil chun smaointe agus eachtraí a mhalartú i measc sainghrúpaí éagsúla.

## Taidhleoir Dlí don AE

Ba bhliain ghnóthach í an bhliain i gceist don Abhcóide Comhairleach, atá sannaithe mar Chomhairleoir Dlí ar iasacht do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséal. Is lárghné intreach i gcónaí é an ról seo

d'fheidhmiú éifeachtach na Buan-Ionadaíochta agus na hOifige. Ba í príomhobair ghnáthaimh na bliana, tacaíocht dlí a sholáthar don Ambasadóir agus don Leas-Ionadaí Buan i leith clár reachtaíochta Coreper I agus Coreper II. Le linn 2003, rinne oifigigh na Ranna uile, mar bhreis ar an obair seo, ullmhúchán le haghaidh Uachtaránacht na hÉireann ó Eanáir go Meitheamh, 2004. Chiallaigh seo ionchur breise ón Taidhleoir Dlí.

### Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas

Arís, meastar an fócas ar speisialtóireacht a bheith bunúsach ó thaobh príomhchuspóirí agus príomhstraitéisí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) a aimsiú. Roinneann trí shain-Ghrúpa an fhreagracht as seirbhís dhréachtaithe shofhreagrach a sheachadadh laistigh den OPC. Sannadh cúig Roinn Rialtais mar chliaint do gach Grúpa. Tá bunfhreagracht ar gach Grúpa i leith riachtanas dréachtaithe gach cliant-Roinn dá shórt. Sa tslí sin, tagann méadú ar speisialtóireacht na saineolaithe laistigh de gach Grúpa. Le linn 2003, bhí cur chuige comhardhírithe fós ag gach Grúpa maidir le seirbhís dhréachtaithe reachtaíochta d'ardchaighdeán a sholáthar.

I rith na bliana, bhí cruinnithe rialta neamhfhoirmeálta ag gach grúpa le cliant-Ranna, chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí, agus chun sainaithne a chur ar na réimsí ina bhféadfaí an tseirbhís a fheabhsú. Ina theanntasan, bhí cruinnithe faoi chomhaid dlí ar leith, ag na dlíodóirí a sannadh dóibh, leis na cliant-Ranna ábhartha. Thug cruinnithe dá sórt deis do dhréachtóir gach gné de chomhad agus de bheartas an Rialtais agus na hOifige a phlé le hoifigeach na Roinne. Corpraíodh an córas cuimsitheach aiseolais seo sa phleanáil ghinearálta faoin tslí ina bhfeidhmíonn an OPC a cleachtas dréachtaithe.

Cheap an Taoiseach Deirbhle Murphy mar Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte don Rialtas le héifeacht ón 1 Meitheamh 2003. D'oibrigh Deirbhle Murphy mar Dhréachtóir Parlaiminte san ODP ar feadh 14 bliana. Tar éis don iar-PhríomhDhréachtóir Parlaiminte, Kieran Mooney, a théarma poist sin a chríochnú, d'aistrigh sé chuig post nua san OPC mar Chéad Dhréachtóir Pharlaiminte.

Trí leanúint den bheartas go bhfostófaí dréachtóirí comhairleacha ar conradh, bhí an Oifig in ann seirbhís shofhreagrach leanúnach a sholáthar le linn tréimhse ina raibh éilimh gan sampla á ndéanamh ar an OPC.

D'fhorfheidhmigh an OPC Plean Oiliúna na nDréachtóirí Pharlaiminte do dhréachtóirí a earcaíodh le déanaí. Sa phróiseas oiliúna seo baineadh úsáid as an *Drafting Manual* agus na *Statutory Instruments: Drafting Checklist and Guidelines* a eisíodh do Ranna Rialtais i Márta 2003. Cuireann na téacsanna seo san áireamh an simpliú teanga atá le húsáid i dtéacsanna dlí. Tá an dá théacs ar fáil go leictreonach agus i bhformáid chruachóipe, araon.



Thug an OPC spreagadh gníomhach do dhréachtóirí a earcaíodh le déanaí chun cúrsaí oiliúna ábhartha a shainaithint agus páirt a ghlacadh iontu. Mar shampla, chuir an OPC roinnt dréachtóirí ar chúrsa dhlí na hEorpa in Trier. I rith na bliana lean an OPC ag glacadh páirt i gcúrsaí oiliúna an Lárionad Forbartha Bainistíochta agus Eagraíochta (CMOD) maidir le próiseas reachtaíochta ar leasaigh an CMOD a ábhar le déanaí i gcomhar leis an OPC. Is cabhair iad na cúrsaí seo chun taithí a thabhairt do Ranna ar an bpróiseas reachtaíochta agus chun léiriú a thabhairt do chliaint-Ranna ar an leibhéal teagaisc is gá chun seirbhís éifeachtach dréachtaithe a éascú.

### Aonad Leasaithe an Dlí Reachtúil

Tugann obair Aonad Leasaithe an Dlí Reachtúil (SLRU) sampla ar leith de sholáthar na sainseirbhísí discréideacha dlí. Bunaíodh an tAonad i bhFeabhra 1999, chun clár leasaithe comhdhlúite a dhréachtadh don dlí reachtúil agus chun maoirsiú innéacsanna na reachtanna a stiúradh. Leathnaíodh sainordú an Aonaid chun go gcuimseofaí bunú agus forfheidhmiú beartais a fheabhsóidh soiléire agus inrochtanna an dlí reachtúil in Éirinn. Le linn 2003, d'oibrigh an tAonad go dlúth le Rannán Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí i Roinn an Taoisigh ar chlár oibre do Rialú Feabhsaithe.

I 2003, dhréachtaigh an tAonad Bille Cánach na bhFáltas Caipitiúil (Comhdhlúthú) agus an Bille um Sheirbhísí Uisce. D'oibrigh an tAonad go dlúth le:

- Roinn an Taoisigh ar dhréachtú an ráitis bheartais náisiúnta maidir le beartas rialúcháin
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar dhréachtú an Bhille Seandálaíochta, Staire agus Ailtireachta
- An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar dhréachtú Bille Comhdhlúite Dhlí na gCuideachtaí
- Ranna ábhartha i dtaobh Athráiteas na nAchtanna Díolacháin Earraí, Achtanna Cosanta, Achtanna Tráchta Turasóirí agus an Achta Comharbais.

I Meán Fómhair 2003, chinntigh an tAonad go gcuirfí Achtanna, Ionstraimí Reachtúla agus Táblaí Cróineolaíochta 1922-2002 ar láithreán gréasáin na hOifige.

I rith na bliana, freisin, bhí na tAonad ag gabháil do thionscadal chun gach reacht a achtaíodh in Éirinn roimh 1922 agus atá fós i bhfeidhm sa Stát a shainaithint, i dtreo go bhféadfaí reachtaíocht chríon chaite a aisghairm agus fuílleach na reachtaíochta a athachtú gan tagairtí áiféiseacha iontu. Páirtmhaoiníodh an tionscadal seo as acmhainní a leithdháileadh ar Roinn an Taoisigh as Ciste Bainistíochta an Athraithe.

I dtreo dheireadh na bliana, thug an tAonad comhairle don Ard-Aighne le cur faoi bhráid an Taoisigh maidir le:

- Aisghairm, nó aisghairm agus athachtú, na reachtaíochta uile idir 1310 agus 1922
- Beartas inmharthana Athráitis a fhorbairt

**Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO)**
Dála an Abhcóide Chomhairligh agus an Dréachtóra Parlaiminte in Oifig Shráid Mhuirfean, lean CSSO le forbairt sainseirbhísí dlí sna réimsí atá tábhachtach do chliant-Ranna agus do chliant-Oifigí. Luaitear cuid de na mórthionscnaimh thíos.

- Lean an Oifig ag forbairt sainaonad nua chun déileáil le réimsí mar chonarthaí tráchtála agus an dlí fostaíochta.

- Leanadh go dlúth le hatheagrú na hOifige nuair a aistríodh an fhreagracht as obair ionchúisimh choiriúil chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, de thoradh fhorfheidhmiú Thuarscáil Nally agus bhunú Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit.

Athbhreithnítear seirbhísí na hOifige do Ranna agus d'Oifigí go leanúnach. Má athraíonn éilimh chliaint nó má thagann líon mór catagóirí cáis nua chun cinn, athraítear na struchtúir chun freagairt do na tosca nua.

I measc na n-athruithe i 2003 bhí:

- Bunú Rannóige Tearmainn nua chun plé le mórphlodú cásanna isteach
- Athstruchtúrú na seirbhísí tíolacais ar bhonn Rannach
- Atheagrú seirbhísí taca, trí aonad tacaíochta cléireachais a bhunú i ngach Rannán, socruithe nua i seomra an phoist, ionad nua cáipéisíochta agus feabhsuithe sna háiseanna oiliúna inmheánacha
- Bunú Rannóige nua Seirbhísí Dlí le raon sainfheidhmeanna, lena n-áirítear aisghabháil costas.



# Caibidil 5: An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 2

## Príomhchuspóir 2

**Bainistiú daonacmhainní a fhorbairt mar thaca do chuspóirí ginearálta na hOifige, agus an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig**

Is iad na straitéisí atá ann chun an cuspóir seo a aimsiú:

- Bainistiú Acmhainní Daonna a fhorbairt ar shlí a bheidh oiriúnach d'eagraíocht seirbhíse gairmiúla, tar éis
  - > comhairle a ghlacadh faoi riachtanais seirbhíse dá shórt;
  - > aird a thabhairt ar Príomhchuspóirí na hOifige.
- Leanúint le forfheidhmiú PMDS san Oifig chun forbairt straitéiseach na hOifige a léiriú ar an mbonn nach mbaintear spriocanna straitéiseacha amach ach trí fheidhmíocht na foirne. Tá fócas breise le cur ar shainaithint agus ar fhorbairt na gcroíchumas/croíscileanna ábhartha.
- A chinntiú go ndéanfar measúnú ar na bearta airgeadais a forbraíodh chun críocha Chreat na Faisnéise Bainistíochta (MIF).
- Oiliúint a sholáthar do gach leibhéal bainistíochta san Oifig.
- Leanúint ag feabhsú na ndeiseanna oiliúna agus forbartha atá ar fáil don fhoireann sa dá Oifig, chun go bhfaighidh siad na scileanna agus an t-eolas is gá chun a ndualgas a chomhlíonadh de réir na gcaighdeán is airde, agus chun cur lena bhforbairt ghairmiúil.
- Ag teacht le SMI, oiliúint agus forbairt bainistíochta a sholáthar a chuirfidh ar chumas bainisteoirí an bhainistíocht feidhmíochta a neadú mar thosaíocht ag gach bainisteoir agus é sin a nascadh le riachtanais an Rialtais.
- Feidhm iniúchta inmheánaigh a fhorbairt i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, i bhfianaise Thuairisc an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta.
- Tosaíochtaí agus próisis bhainistíochta riosca a fhorbairt i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta.

## An Dul Chun Cinn atá Déanta

Ba bhliain ghnóthach í 2003 i réimsí Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna, agus na hOiliúna agus Forbartha. Lena chois sin, mar a tuairiscíodh i gCaibidil 3, rinne an tIniúchóir Inmheánach dul chun cinn suntasach, faoi threoir an Choiste Iniúchóireachta, ar chríochnú na dtuairiscí iniúchóireachta a bhí san áireamh ina phlean oibre. Rinne an Oifig dul chun cinn i réimse na bainistíochta riosca.



## Oifig Shráid Mhuirfean

### Bainistiú Acmhainní Daonna

- Ag deireadh na bliana bhí líon foirne faofa de 123 ag an Oifig, arbh fholúntais 6.5 acu. B'iad na folúntais i gceist: 2 Abhcóide Chomhairleacha (Grád III), 2 Abhcóide Chúnta (Grád II), 1 Dréachtóir Conarthaí agus 1.5 Oifigeach Cléireachais.

I rith na bliana:

- Tháinig 12 bhall foirne nua isteach san Oifig, 3 Abhcóide Chomhairleacha (Grád III), 4 Oifigeach Cléireachais, 3 Taighdeoir Dlí, 1 Oifigeach Fios Gnó agus 1 Dréachtóir Conarthaí; 7 post acu seo ar bhonn buan agus 5 cinn ar bhonn conartha.

- D'fhág 14.5 ball foirne reatha, 10.5 acu a bhí buan agus 4 ar conradh.

- Bhí ceithre chomórtas earcaíochta ag an Oifig do phoist mar:

  (a) Taighdeoir Dlí

  (b) Oifigeach Fios Gnó

  (c) Abhcóide Comhairleach (Grád III)

  (d) Dréachtóir Parlaiminte Cúnta (Grád II).

- Bhí trí chomórtas earcaíochta ag an Oifig do phoist mar:

  (a) Oifigeach Foirne

  (b) Dréachtóir Pharlaiminte Cúnta (Grád I)

  (c) Abhcóid Comhairleach (Grád II).

Lena chois sin bhí dhá ardú céime ghníomhacha ann de bharr oifigeach níos sinsearaí a bheith ar iasacht shealadach.

- Tugadh Oifigeach Feidhmiúcháin ar iasacht ar feadh 12 mí don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun cabhrú le hobair tearmainn.

- Tháinig Abhcóide Comhairleach amháin chun na hOifige.

- Nuair a chinn an Rialtas líon foirne na Státseirbhíse a laghdú, ghéill an Oifig post I Oifigeach Cléireachais (Clóscríobhaí).

### Straitéis Acmhainní Daonna

Cuireadh dréacht-Straitéis Acmhainní Daonna faoi bhráid an Choiste Chomhairligh Bainistíochta i Samhain 2003. Tá sí bunaithe ar phrionsabail comhpháirtíochta, oscailteachta, comhionannais agus forbartha foirne. Cuireadh chuig an gCoiste Comhpháirtíochta é i Nollaig 2003.

### Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna

Toisc gur ghá acmhainní a leithdháileadh ar ghnéithe eile de Phlean IT na hOifige, sceidealadh obair ar fhorfheidhmiú Chóras Bainistíochta na nAcmhainní Daonna (HRMS) le haghaidh dheireadh na bliana. D'ullmhaigh Oifig Shráid Mhuirfean, i gcomhar le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit, dréacht-Iarratas ar Thairiscintí (RFT) don chóras nua. Shocraigh an Lárionad Forbartha Bainistíochta agus Forbartha le linn na tréimhse sin go n-athbhreithneofaí an dul

chun cinn ar phróiseas forfheidhmithe HRMS ar fud na Státseirbhíse. Cuireadh obair sna hOifigí ar atráth, mar sin, go dtí go bhfaighfí torthaí an athbhreithnithe láir.

**Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha**

Tá Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS) curtha i bhfeidhm. Fuarthas comhaontú an Choiste Chomhpháirtíochta do na croí-inniúlachtaí Oifige a bheadh ar na Foirmeacha Róil/Próifíle. Is iad na croí-inniúlachtaí sin:

(a) Scileanna /Eolas Teicniúil

(b) Seirbhís don Chliant

(c) Cumarsáid.

Aontaíodh go mbeadh Foirm Róil/Próifíle ann do gach ball foirne i leith dara timthrialla bliantúil an PMDS a thosaigh in Eanáir 2003, le hathbhreithnithe eatramhacha agus deiridh mar a socraíodh.

Bunaíodh Fo-Choiste den Chomhpháirtíocht i Meán Fómhair 2003, chun saincheisteanna a bhreithniú do thriú timthriall bliantúil an PMDS a thosóidh in Eanáir 2004. Tar éis comhaontú a fháil ag an gCoiste Comhpháirtíochta, cuireadh mír faoi bheagfheidhmíocht leis an PMDS do thimthriall 2004.

**Aiseolas Suas**

I Samhain 2003, thosaigh an Oifig an próiseas chun suirbhé a dhéanamh ar dhearcadh na foirne, mar chéad chéim le haiseolas suas a thionscnamh laistigh den PMDS. D'iarr an Oifig tairiscintí ó speisialtóirí agus ar deireadh thiar tugadh conradh i leith an tsuirbhé do *HOSCA Management Consultants.* (Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar imeachtaí an Choiste Comhpháirtíochta le linn 2003 i gCaibidil 3 den Tuarascáil seo.)

**Arduithe Céime Fiúntais**

Cé go raibh sé i bhfeidhm ar feadh roinnt blianta ar bhonn nóis agus cleachtais, i nDeireadh Fómhair 2003 rinneadh comhaontú foirmeálta idir an mbainistíocht agus ionadaithe na foirne go mbronnfaí gach ardú céime inmheánach feasta ar bhonn fiúntais.


**Anailís Inscne**

Tá Oifig Shráid Mhuirfean chun tosaigh i gcónaí ar spriocanna an Rialtais maidir le cothromaíocht inscne. Ag deireadh Nollaig 2003 bhí na figiúir mar a leanas:



## Anailís Inscne

| Grád | | Baineann Uimh. | (%) | Fireann Uimh. | (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| A | Ard-Stiúrthóir | 1 | (100) | 0 | (0) |
| B | Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte | 1 | (100) | 0 | (0) |
| C | Leas-ArdStiúrthóir | 0 | (0) | 1 | (100) |
| D | Leibhéal Rúnaí Cúnta | 2 | (29) | 5 | (71) |
| E | Leibhéal Príomh-Oifigigh | 10 | (45) | 12 | (55) |
| F | Leibhéal Príomh-Oifigigh Cúnta | 8 | (40) | 12 | (60) |
| G | Leibhéal Ardoifigigh Feidhmiúcháin | 4 | (50) | 4 | (50) |
| H | Leibhéal Oifigigh Feidhmiúcháin | 6 | (67) | 3 | (33) |
| I | Leibhéal Oifigigh Foirne | 3 | (75) | 1 | (25) |
| J | Leibhéal Oifigigh Chléireachais | 31.5 | (94) | 3 | (6) |



### Agallaimh Fágála

Ag teacht le sárchleachtas na bainistíochta eolais, thionscain an Oifig córas foirmeálta Agallamh Fágála, mar a gcruinnítear tuairimí, trácht agus moltaí na mball foirne a fhágann an Oifig. Úsáidtear na tuairimí seo, mar is cuí, chun na córais laistigh den Oifig a fheabhsú nuair is féidir. Mar shampla, de thoradh aiseolais cuireann an tAonad Acmhainní Daonna faisnéis thosaitheora ar fáil d'iontrálaithe nua sula dtéann siad i mbun dualgas.

### Beartais na hOifige

I rith na bliana bhunaigh an Oifige Fo-Choistí den Choiste Comhpháirtíochta chun gnáthaimh na hOifige a athbhreithniú ó thaobh ceisteanna tábhachtacha áirithe ar nós Saoire Tinnis agus Promhaidh. Tá impleachtaí suntasacha eolais agus bainistíochta riosca ag baint leo araon.

### Rochtain Daoine atá faoi Mhíbhuntáiste

Thug an Oifig le fios do Choimisiún na Státseirbhíse go raibh áiseanna oiriúnacha ar fáil san Oifig agus go rabhthas toilteanach daoine faoi mhí-bhuntáiste a fhostú. Bhí céatadán 2.3 den fhoireann faoi mhí-bhuntáiste ag deireadh 2003, ach tá méadú ag teacht airsean. Rinne an Oifig feabhsú leanúnach ar a inrochtana.

### Oiliúint agus Forbairt in Oifig Shráid Mhuirfean

Mar eagraíochtaí 'eolasbhunaithe' a sholáthraíonn seirbhísí dlí, aithníonn Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit an tábhacht a bhaineann le hoiliúint agus forbairt. Bhí soláthar leordheiseanna oiliúna agus forbartha riamh mar chroíluach aici, agus tá breis tábhachta fós leis de bharr méadú ar an speisialtóireacht dhlíthiúil.

I 2003, thairg Aonad Oiliúna Oifig Shráid Mhuirfean deiseanna ardchaighdeáin oiliúna agus forbartha don fhoireann i ngach cuid den Oifig.

Ba thosaíocht de chuid an Aonaid é cúrsaí oiliúna a eagrú a d'fhreastalódh ar riachtanais oiliúna a shainaithin an fhoireann agus a maoir faoin PMDS. Gach cúrsa breise a eagraíodh i 2003, tairgeadh é chun cabhrú leis an bhfoireann na scileanna teicniúla, scileanna pearsanta agus cumais eagraíochta a fhorbairt a bhí sainaitheanta faoin PMDS.

Forbairt thábhachtach i 2003 ab ea críochnú Anailís na Riachtanas Oiliúna. Úsáideadh an Anailís seo, i gcomhar le faisnéis na bhFoirmeacha Róil/Próifíle, mar bhunsraith do phleananna straitéiseacha a fhreagródh do riachtanais oiliúna eagrúcháin na hOifige sa todhchaí.

Lean na hOifigigh Oiliúna in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, araon, ag cothú naisc níos dlúithe agus straitéisí comhcheangailte i dtéarmaí oiliúna agus forbartha. Eagraíodh comhchúrsaí oiliúna i PMDS agus i mBainistiú Tionscadal. Roinneadh gach ócáid oiliúna ECHR ar an dá Oifig i rith na bliana (féach thíos).



Forbraíodh roinnt nuálacha oiliúna i 2003 mar fhreagairt ar chuspóirí eagrúcháin na hOifige. Chuimsigh siadsan raon cuimsitheach ócáidí oiliúna i dtaobh Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (ECHR), ar fhreastail baill foirne as Ranna eile orthu, freisin, léachtaí agus saotharlanna ar Altanna 6 agus 8 den ECHR, soláthar oiliúna le haghaidh Cheadúnas Tiomána Ríomhaire na hEorpa don fhoireann, agus cúrsaí oiliúna i seirbhís don chustaiméir.

Maraon leis na hócáidí oiliúna ar fud na hOifige, d'fhreastail baill foirne, freisin, ar an-chuid cursaí agus comhdhálacha ar leith a d'eagraigh soláthróirí seachtracha le linn na bliana. Bhí an-tábhacht leis an bhfreastal ar chomhdhálacha, ach go háirithe, chun deis a thabhairt don fhoireann dlí leanúint dá n-oideachas dlí agus coinneáil céim ar chéim le hathruithe agus le forbairtí sa dlí. Le linn 2003, d'fhreastail 54 ball foirne ar 87 comhdháil agus seimineár sheachtracha mar chuid dá n-oiliúint agus dá bhforbairt. Tugadh aiseolas ó na comhdhálacha do chruinnithe grúpa agus cuireadh páipéir ar aghaidh chuig an Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó lena n-úsáid agus a scaipeadh ar bhonn níos leithne, mar ba chuí. Ar topaicí dlíthiúla, spreagadh an fhoireann lena gcuid eolais agus saineolais féin a roinnt le comhghleacaithe agus dá thoradsan, eagraíodh an-chuid ócáidí intí le linn na bliana.

I 2003 bhí comhchruinnithe rialta ag Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte chun ceisteanna topaiciúla dlí agus cásdlí a phlé, lena n-áirítear glacadh le comhaontuithe idirnáisiúnta, smachtbhannaí riaracháin, dliteanas comhlachtaí cinnteoireachta poiblí i bhfaillí, agus cásdlí a tharla le déanaí faoi reachtaíocht thánaisteach.

### Aisíoc Táillí

I rith na bliana, lean an Oifig leis an Scéim Aisíoca Táillí do bhaill foirne a d'fhreastail ar chúrsaí tríú leibhéil ina gcuid ama féin. I rith na bliana, freisin, dréachtadh céad Bheartas Aisíoca Táillí foirmeálta na hOifige, inar tugadh treoirlínte faoi aisíoc táillí ar chúrsaí oideachais a rinne foireann na hOifige.

### Beartas Oiliúna Teanga

D'fhorbair an Oifig Beartas Oiliúna Teanga i rith na bliana. Cruthaíodh creat agus rialacha riaracháin chun soiléire a thabhairt faoi na deiseanna oiliúna teanga atá ar fáil d'fhoireann na hOifige.

### Forbairt Scileanna Bainistíochta Tionscadail

I 2003 lean an Oifig ag spreagadh na foirne chun scileanna Bainistíochta Tionscadail a fhorbairt, go háirithe an fhoireann a bhí ag glacadh róil bhainistíochta Tionscadail orthu féin i leith mhórthionscadail IT. Eagraíodh dhá Chúrsa Bainistíochta Tionscadail, ag comhairleoirí seachtracha, do bhaill foirne san Oifig, d'fhonn na scileanna teicniúla a sholáthar do rannpháirtithe a bheadh riachtanach chun tionscadail a shainiú, a phleanáil agus a fhorfheidhmiú go rathúil.

### Caiteachas Oiliúna agus Forbartha 2003

Ba é €247,250 an caiteachas ginearálta ar oiliúint agus fhorbairt i 2003, thart ar 3.6 faoin gcéad de leithdháileadh airgid na bliana. Tugtar mionsonraí an mhéid sin sa tábla thíos.

| Caiteachas Oiliúna agus Forbartha 2003 | |
|---|---|
| Táillí Seimineáir, Comhdhála agus Cúrsaí Oiliúna | €106,212.56 |
| Aisíoc Táillí | €5,296.91 |
| Costas Comhairleoirí agus Oiliúnóirí Seachtracha | €24,524.00 |
| Oiliúint sa IT | €19,058.00 |
| Tuarastail agus Forchostais Oiliúnóirí | €38,000.00 |
| Costas Cúrsaí ar ar fhreastail Oiliúnóirí | €2,828.79 |
| Ceannach Ábhair Oiliúna nua | €6,779.00 |
| Gach costas eile a bhaineann le hOiliúint agus Forbairt* | €44,550.97 |
| Total | €247,250.23 |

*(Costais Taistil agus Cothabhála a bhaineann go díreach le hOiliúint agus Forbairt)

Cé go raibh an caiteachas ar oiliúint i 2003 rud beag níos lú ná i 2002, ní hionann sin agus laghdú ar an ngníomhaíocht oiliúna, ach feabhas ar an gcostaséifeacht trí shocrú a dhéanamh níos mó den oiliúint a bheith sa teach. Tá Seomra Oiliúna Tiomnaithe ag an Oifig anois agus, nuair ab fhéidir, úsáideadh é mar láthair do na hócáidí oiliúna a bhí ar siul le linn na bliana.

### Tionscnaimh Oiliúna Eile

I rith na bliana chuir Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas cion suntasach le hoiliúint agus forbairt i gcomhthéacs níos leithne na státseirbhíse. I Márta 2003, d'eisigh an Oifig cóipeanna de leabhrán speisialta dar teideal *Statutory Instruments: Drafting Checklist and Guidelines* chuig Ranna agus Oifigí Rialtais. Tugann an Treoir seo cabhair do Ranna agus d'Oifigí i leith formáide agus stíle, nuair a bhíonn ionstraim á dréachtadh acu. Is tionscnamh úsáideach praiticiúil í i mbainistiú eolais.

Sa tréimhse ó Iúil go Meán Fómhair 2003, chuidigh an Oifig leis na Coimisinéirí Ioncaim, freisin, chun a bhfoilseachán intí *Guide to the Legislative Process 2003* a ullmhú. Sa deireadh thiar, rinneadh *Drafting Manual* na hOifige, ina bhfuil treoirlínte agus fasaigh a chuideodh le dhréachtóirí, a chur isteach i Leabharlann an Oireachtais i Meán Fómhair 2003.

## Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

### Bainistiú Acmhainní Daonna

Dála Oifig Shráid Mhuirfean, i 2003 rinne an Rannóg Acmhainní Daonna in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit iarracht le cur chuige níos struchtúrtha a fhorbairt maidir le monatóireacht, measúnú agus forbairt ar bhaill foirne le linn a bprofa. D'athbhreithnigh an Rannóg an próiseas Promhaidh agus ullmhaíodh dréachtcháipéis beartais mar threoir don Oifig. D'fhaomhaigh an Coiste Comhpháirtíochta an beartas seo.



Fostaíodh Comhairleoirí i Nollaig 2003 chun cuidiú leis an Oifig suirbhé a dhéanamh ar dhearcadh/aeráid na foirne faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS). Tá tuairisc iomlán ar imeachtaí an Choiste Chomhpháirtíochta le linn 2003 leagtha amach i gCaibidil 3 den Tuarascáil seo.

### An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Tá Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) curtha i bhfeidhm. Le comhaontú an Choiste Comhpháirtíochta cuimsíodh na croí-inniúlachtaí seo a leanas sna Foirmeacha nua Róil/Próifíle do dhara timthriall bliantúil an PMDS.

(a) Bainistiú Daoine

(b) Seirbhís don Chustaiméir

(c) Inniúlachtaí Teicniúla

(d) Comhar.

Aontaíodh Foirmeacha Róil/Próifíle do gach ball foirne i leith dara timthriall bliantúil an PMDS a thosaigh in Eanáir 2003, agus socraíodh athbhreithnithe eatramhacha agus athbhreithnithe deiridh, mar ba chuí.

### Oiliúint agus Forbairt in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Rinne an Oifig iarracht a chinntiú, agus ról na hoiliúna agus na forbartha in eagraíocht ‘eolas-bhunaithe’ á dhearbhú aici, go mbeidh rochtain ag baill na foirne ar dheiseanna leanúnacha oiliúna agus forbartha.

D’ullmhaigh an Oifig anailís ar na riachtanais oiliúna i Nollaig 2003 ar ghlac an Coiste Comhairleach Bainistíochta agus an Coiste Comhpháirtíochta léi ina dhiaidh sin. Bhí an cháipéis seo mar bhonn le plean mionsonraithe oiliúna agus forbartha na hOifige i 2004.

Dála Oifig Shráid Mhuirfean, scrúdaigh agus leasaigh Aonad Oiliúna Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, i gcomhar leis an Rannóg Acmhainní Daonna, próiseas ionduchtaithe don Oifig. Ó Nollaig 2003 i leith, fuair gach ball nua san Oifig oiliúint ionduchtaithe. I Samhain 2003, dhréachtaigh an tAonad Oiliúna beartas i leith mheasúnú na hoiliúna agus thionchar na hoiliúna ar an Oifig.

Mar a luadh thuas, chomhoibrigh Oifigigh Oiliúna san Oifig le hOifig Shráid Mhuirfean ar thionscnaimh oiliúna tras-Oifigí chun uasluach ar airgead a aimsiú.

Shocraigh an Oifig go láithreofaí na ball foirne a bhí bainteach le dlíthíocht Eorpach i gCúirt Cheartais na hEorpa, chun go bhfaighidís taithí ar oibriú na Cúirte agus foghlaim ón taithí sin. I rith na bliana thug aturnae amháin cuairt ar Lucsamburg ar feadh tréimhse trí sheachtaine.

I rith na bliana, lean an Oifig den scéim chun feidhmeannaigh dlí a oiliúint mar aturnaetha agus den scéim chun baill foirne cléireachais a oiliúint mar fheidhmeannaigh dlí.

## Caiteachas Oiliúna agus Forbartha 2003

Bhí caiteachas iomlán de €305,647 ar oiliúint agus ar fhorbairt i 2003, thart ar 2.25 faoin gcéad den leithdháileadh tuarastail don bhliain. Tá mionsonraí an mhéid sin le fáil sa tábla thíos.

## Forbairtí Airgeadais

### Athbhreithnithe Caiteachais

Déanann na Coistí Comhairleacha Bainistíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit athbhreithniú míosúil ar threochtaí caiteachais. In Oifig Shráid Mhuirfean tarmligeadh buiséid taistil agus oiliúna chuig bainisteoirí líne in Iúil 2003. Bunaíodh Grúpa Oibre chun athbhreithniú breise a dhéanamh ar phróiseas tharmligean na mbuiséad i rith na bliana. In Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit tarmligeadh roinnt freagrachta as buiséid i réimsí na IT agus na hOiliúna agus Forbartha.

Rinneadh tuilleadh tarmligin in Eanáir 2004 nuair a tarmligeadh freagracht as na buiséid oiliúna agus taistil.

D'eisigh Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit Iarratas ar Thairiscintí i Lúnasa 2003, le haghaidh soláthair céad-Chóras Bainistíochta Airgeadais comhtháite na nOifigí. Tá sonraí an dul chun cinn ina leith tugtha i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

Forfheidhmíodh próiseas leasaithe chun Táillí Abhcóidí a cheadú agus a íoc in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit go luath i 2003, agus dá thoradhsan uile tarmligeadh tuilleadh feidhmeanna chuig Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Lean an Comhchoiste Comhairleach Bainistíochta don dá Oifig ag déanamh monatóireachta ar íoc Táillí na nAbhcóidí.

| Caiteachas Oiliúna agus Forbartha 2003 | |
|---|---|
| Táillí Seimineáir, Comhdhála agus Cursaí Oiliúna | €149,446 |
| Aisíoc Táillí | €36,481 |
| Costas Comhairleoirí agus Oiliúnóirí Seachtracha | €6,860 |
| Oiliúint sa IT | €40,656 |
| Tuarastail agus Forchostais Oiliúnóirí | €43,547 |
| Costar Riaracháin | €3,500 |
| Costas Cúrsaí ar ar fhreastail Oiliúnóirí | €1,500 |
| Ceannach Ábhar Oiliúna nua | €773 |
| Aon Chostais eile a bhaineann le hOiliúint agus Forbairt * | €22,884 |
| **Iomlán** | **€305,647** |

*(Costais Taistil agus Chothabhála a bhaineann go díreach le hOiliúint agus Forbairt)



# Caibidil 6: An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 3

## Príomhchuspóir 3

**A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlíthiúla atá de réir phrionsabail an Ardchaighdeáin Seirbhíse don Chustaiméir, agus a thugann san áireamh clár an athraithe sa tseirbhís phoiblí.**

Is é an prionsabal ar a bhfuil an Ráiteas Straitéise seo bunaithe, an gealltanas go soláthrófar seirbhísí dlíthiúla den chaighdeán is airde do chliaint na hOifige. Luaitear go sonrach i *Client Service Guide 2002–2004* na hOifige, an creat atá ann chun prionsabail an ardchaighdeáin seirbhíse don chustaiméir a fhorfheidhmiú agus chun feabhsuithe eile a choinneáil agus a dhéanamh le linn shaol na Treorach. Aithníonn an Oifig go bhfuil cloch chúinne na seirbhíse don chustaiméir bunaithe ar chomhairliúchán lenár gcliaint agus ar chóras cuimsitheach aiseolais a bheith ann chun ceisteanna straitéiseacha nua a aibhsiú, ceisteanna imní a réiteach agus cumarsáid dhéthreoch a éascú.

Is iad na straitéise a aimseoidh an cuspóir seo:

- Seachadadh na gcuspóirí atá luaite sa Client Service Guide 2002–2004
- Tabharfar tuairisc i dTuarascálacha Bliantúla na hOifige ar an méid ar éirigh le forfheidhmiú na gcuspóirí atá luaite sa Client Service Guide 2002–2004.
- Cuíchaighdeáin seirbhíse cliaint a fhorbairt maidir le
  - > cliaint inmheánacha, agus
  - > seachtracha, araon.

## An Dul Chun Cinn atá Déanta

**Ráiteas Straitéise 2003–2005**

Foilsíodh *Ráiteas Straitéise 2003–2005* na hOifige in Aibreán 2003, agus clóbhualadh é i leaganacha Béarla agus Gaeilge. Tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ó 1 Lúnasa 2003. Foirmíonn agus luann an Ráiteas Straitéise na bealaí inar féidir príomhchuspóirí agus príomhstraitéisí dúshlánacha a aimsiú, i bhfianaise na bprionsabal seirbhíse don chustaiméir agus na spriocanna a luadh sa *Client Service Guide 2002–2004* ag Oifig Shráid Mhuirfean agus i *Customer Action Plan 2002–2004* ag Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

**Oifig Shráid Mhuirfean**

Le linn 2003, rinne Oifig Shráid Mhuirfean dul chun cinn suntasach maidir le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar don chustaiméir. Mar a tuairiscíodh i gCaibidil 4, tionscnaíodh athbhreithniú ar Ghrúpaí an taoibh Chomhairligh i nDeireadh Fómhair 2003, a chuimsigh dáileadh agus eagrú na hoibre, i bhfianaise thosaíocht speisialtóireachta na hOifige, agus an dóigh ina bhfeidhmíonn Grúpaí chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí dlíthiúla ardchaighdeáin chuig cliaint. Socraíodh go bhforfheidhmeofaí na hathruithe a aibhsíodh le linn an athbhreithnithe seo ar bhonn leanúnach ó Eanáir 2004.

De bharr speisialtóireachta níos leithne bíonn cumas breise ag grúpaí Abhcóidí



Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte naisc níos dlúithe a chothú le cliant-Ranna a dtagann a gcuid oibre leis na sainréimsí speisialtóireachta atá acu. Cothaítear na naisc seo a thuilleadh trí úsáid éifeachtach a bhaint as cruinnithe malartaithe eolais agus as cruinnithe athbhreithnithe leis na Ranna seo, de réir a bhfuil inár bpleananna gnó. Cuimsíonn Caibidil 4 den Tuarascáil seo sonraí na gcéimeanna a ghlac Abhcóidí Comhairleacha chun seirbhís don chliaint a fheabhsú i réimsí tearmainn, inimirce, dhlíthíocht ECJ agus oiliúint i leith ECHR. Cuimsíonn an Caibidil sin, freisin, sonraí na dtionscnamh a ghlac Dréachtóirí Parlaiminte idir lámha, lena n-áirítear eisiúint *Statutory Instruments: Drafting Checklist and Guidelines* ón Oifig do chliant-Ranna agus chliant-Oifigí, leagan an *Drafting Manual* i Leabharlann an Oireachtais agus an cabhair a tugadh do na Coimisinéirí Ioncaim a bhfoilseachán intí, *Guide to the Legislative Process 2003* a ullmhú.

I rith na bliana, d'fhreastail foireann Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ar chúrsaí oiliúna i mbéasaíocht teileafóin, scileanna toirbheartais, scríbhneoireacht ghnó, scríobh tuairiscí gairmiúla agus scileanna Gaeilge, d'fhonn an seachadadh seirbhíse do chliaint inmheánacha agus sheachtracha araon a fheabhsú a thuilleadh.

Reáchtáil an tAonad IT, Deasc Cúnaimh an-rathúil san Oifig ar bhonn leanúnach, chun bealaí comhordaithe a éascú i gcás saincheisteanna láimhseála. I rith na bliana bunaíodh Deasca Cúnaimh, freisin, san Aonad Seirbhísí agus sa Chlárlann, lena chinntiú go bpléifí go pras le fadhbanna agus saincheisteanna, agus go dtabharfaí caighdeán seachadta seirbhíse níos fearr, dá bharr, do chliaint san Oifig.

Aithníonn an Oifig i gcónaí gur gá socruithe solúbtha oibre a thionscnamh, atá dírithe go sonrach ar éilimh na gcliant. Le linn 2003, chuir an Oifig na tionscnaimh seo a leanas i bhfeidhm:

- Bíonn clóscríobhaithe ar fáil i gcónaí nuair is gá agus, ar bhonn róta dheonaigh, bíonn duine ar fáil i gcónaí ar fhón póca lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

- Bíonn baill foirne tábhachtacha áirithe le fáil ar fhón póca lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

- Thionscain an Oifig córas neamhfhoirmeálta ball ar glaodhualgais chun déileáil le héilimh oibre ar leith a tharlaíonn lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

- Ag brath ar an ualach oibre agus ar a phráinní atá sí, bíonn oibriú déanach, oibriú ag deirí seachtaine, tosú luath agus glacadh le ham lóin i bhfad níos lú ná a cheadaítear, freisin, mar ghnéithe den phatrúin freastail solúbtha a bhíonn i bhfeidhm san Oifig.

**Cairt Chliant agus Chustaiméara**
Bunaíodh Fo-Choiste de Choiste Comhpháirtíochta na hOifige i nDeireadh Fómhair 2003, chun an t-ullmhúchán do chéad Chairt Chustaiméara na hOifige a mhaoirsiú agus an chéad chéim de mhodh cuí comhairliúcháin le cliaint a bhreithniú. D'fhreastail baill an Fho-Choiste ar chúrsa oiliúna a cuireadh ar fáil go lárnach i leith chéim comhairliúcháin an phróisis.

**Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit**
Dála Oifig Shráid Mhuirfean, is féidir éifeacht Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit a mheas ar roinnt leibhéal, agus ceann de na príomhchinn is ea an dóigh a bhfreastalann sí ar riachtanais custaiméirí. Leagann Customer Action Plan 2002–2004 na hOifige síos na cuspóirí le haghaidh seachadta seirbhísí dlíthiúla d'ardchaighdeán ar chliaint i réimsí den cineál seo: cruinnithe agus comhthadhall le custaiméirí, cáipéisíocht, amanna freagartha, comhsheasmhacht chomhairle, forbairt scileanna, comhionannas, forbairt láithreáin ghréasáin agus éisteachtaí cúirte.

Le linn 2003, thug an Oifig faoi thionscnaimh shainiúla chun seachadadh seirbhísí dlíthiúla a fheabhsú. Cheap an Oifig seisear speisialtóirí ar an bhfoireann dlí ag grád aturnae. Bhí na torthaí seo a leanas ann de bharr na gceapacháin:

- Bunú bhainistíocht tiomnaithe na seirbhísí dlí maoine sa Roinn Cosanta agus sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Toradh eile ar na ceapacháin seo ab ea atheagrú na n-acmhainní a bhí ar fáil chun imeachtaí cúirte a riar agus a chosaint.
- Atheagrú na n-acmhainní a bhí ar fáil chun imeachtaí cúirte agus gnó na mBinsí a riar agus a chosaint i réimse ídiú an linbh, le tagairt ar leith do dhlíthíocht reatha na hArd-Chúirte, cúrsaí Choimisiún Laffoy agus an Bhoird Sásaimh.
- Sainbhainistiú tiomnaithe na punainne Ceartais agus Coiriúlachta, le haird ar leith ar an gcásualach eiseachadta. Aird speisialtóra, freisin, dírithe ar thosú agus ar fheidhmiú ghnáthamh nua an bharántais ghabhála Eorpaigh.
- Neartú an inchur saindlíodóra i gcásanna athbhreithnithe breithiúnacha a thógtar in aghaidh an Rialtais, na Ranna agus na n-Oifigí Stáit.
- Neartú an inchur saindlíodóra i gcásanna dlíthíochta Bunreachta agus Tráchtála a thógtar in aghaidh an Stáit

Sannadh aturnae i 2002 chun plé go sainiúil le hobair chonartha tráchtála na Ranna agus na nOifigí, agus lean sí ag feidhmiú go han-rathúil le linn 2003.

Ar na tionscnaimh eile a glacadh ar láimh le linn na bliana bhí bunú naisc thiomanta TF le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) chun soláthar nuashonraí cásteagaisc a éascú, rudaí a gcuirfear eislíon tiomanta ina n-áit amach anseo. Lena chois sin, tá an Oifig tiomanta d'úsáid 'gnáth-chainte' mar shaincheist



ghnímh don chustaiméir, agus tá úsáid ghnáthchainte cuimsithe i bPlean Oiliúna na hOifige agus i gcúrsaí ionduchtaithe do bhaill foirne nua. Forbrófar seo a thuilleadh i gcomhthéacs le forbairt an tsreafa oibre, mar chuid d'fhorfheidhmiú an Chórais Bainistíochta Cásanna agus Taifead nua.

Le linn na bliana, lean an Oifig ag díriú ar chruinnithe cliaint mar mheicníocht chun caighdeáin seachadta a phlé agus aon easnaimh nó saincheisteanna a aibhsiú. Bhí cruinnithe rialta le cliaint i réimsí mar a leanas: cásanna Tíolacais agus Maoine Oifig na nOibreacha Poiblí, Gníomhaireacht Éileamh an Stáit, Ídiú Leanaí, an Dlí Poiblí agus cásanna tearmainn.

I gcás Oifig na nOibreacha Poiblí, eagraíodh cruinnithe ar leibhéal ceannairí foirne agus cuireadh leosan ag cruinnithe ar leibhéil níos ísle, chun dul chun cinn na gcomhad a rianú go héifeachtach ag an leibhéal oibríochtúil. Bunaíodh grúpa oibre nua (ar a bhfuil Ceann na Bainistíochta Maoine, Ceannaire Foirne ón mBainistíocht Mhaoine, tacaíocht IT agus Ceannaire Foirne ó CSSO) i rith na bliana chun córas leanúnach éifeachtach a fhorbairt do rianú na gcomhad, ó thús go deireadh, in OPW agus san Oifig, araon. Le linn na bliana, tosaíodh ar chlocha míle a fhorbairt laistigh de na cásanna, ó thaobh bhainistiú na n-ualaí oibre ó lá go lá agus bhainistiú ginearálta na gcomhad san fhadtéarma.

**Chairt Chustaiméara**

D'fhostaigh an Oifig comhairleoirí seachtracha chun suirbhé custaiméara a dhéanamh thar ceann na hOifige agus a céad Chairt Chustaiméara a ullmhú don Oifig.

# Caibidil 7: An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 4

## Príomhchuspóir 4

**Córais Faisnéise Teicneolaíochta a fhorbairt chun tacú le himeachtaí gairmiúla, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse uile na hOifige, agus iad a mheas.**

Aithníonn an Oifig go bhfuil ról tábhachtach ag na Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (ICT), ó thaobh cabhrú leis an Oifig a cuspóirí a aimsiú agus tacú le seachadadh ríomh-Rialtais. Cinnteoidh forfheidhmiú Plean IT nua na hOifige, lena n-áirítear príomhthionscadail na gcóras gnó, a chuimsíonn bainistiú cásanna agus bainistiú airgeadais, bainistiú acmhainní daonna agus bainistiú eolais, go mbeidh an Oifig i riocht níos fearr chun na cuspóirí a luaitear sa Ráiteas Straitéise a aimsiú agus go neartófar a tiomantas do sheachadadh seirbhísí dlíthiúla den chaighdeán is airde ar chliaint. Is iad seo a leanas na príomhstraitéisí:

- Córais éifeachtacha teicneolaíochta faisnéise a sheachadadh agus a fhorfheidhmiú chun faisnéis bhainistíochta níos fearr a sholáthar mar thaca don tionscnamh r-Rialtais, do chinnteoireacht agus rialú éifeachtach na bainistíochta, agus do bhainistiú agus measúnú feidhmíochta, i dtreo gur féidir díriú níos mó ar thorthaí agus go mbeidh trédhearcacht bhreise á léiriú in úsáid acmhainní.

- Clár bainistíochta cáipéisí agus taifead a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú chun éifeacht na heagraíochta a fheabhsú agus coinneáil na gcomhad a chuíchóiriú.

- Réiteach r-Reachtaíochta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú, i gcomhairle le páirtithe leasmhara eile agus i bhfianaise thionscnamh na r-ComhAireachta, chun tacú le ceapadóireacht agus bainistiú reachtaíochta le linn saolré na reachtaíochta mar thaca don tionscnamh r-Rialtais.

- Leanúint ag coinneáil agus ag forbairt modhanna tuairiscthe agus measúnaithe faoin dul chun cinn i leith seachadta seirbhíse ardchaighdeáin don chustaiméir, agus an cuspóir seo a léiriú i bhforbairt na gcleachtas CBF.

- Beartais fheabhsaithe a fheidhmiú, lena athchinntiú go bhfaighfidh an Oifig luach ar airgead nuair a bheidh an leithdháileadh meastacháin á chaitheamh aici.

- Gabháil go fuinniúil de chlár comhaontaithe maidir le hathbhreithniú caiteachais leis an Roinn Airgeadais.

- A chinntiú go bhforfheidhmeofar an Creat Faisnéise Bainistíochta.

## An Dul Chun Cinn atá Déanta

Le linn 2003, chuir an Oifig go mór leis an dul chun cinn a rinneadh an bhliain roimhe sin ar fhorfheidhmiú na Straitéise Teicneolaíochta Faisnéise, a raibh sé mar phríomhfhócas aici



córais éifeachtacha, éifeachtúla IT a bhunú, chun tacú leis an Oifig agus í i mbun a cuspóirí gnó.

### Córas Bainsitíochta Cásanna agus Taifead

D'eisigh Oifig Shráid Mhuirfean, i gcomhar le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit, Iarratas ar Thairiscintí chun Córas nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead a sholáthar. Tar éis na Tairiscintí a mheas, bronnadh conradh ar chuibhreannas faoi cheannas Hewlett Packard (HP) in Iúil 2003 chun an córas nua a sholáthar agus a insealbhú. Cuirfidh an ailtireacht aonchórais nua, a chumhdaíonn an dá Oifig agus a bhfuil Beartas Bainistíochta Taifead mar thaca leis, go mór le seirbhís don chustaiméir agus aimseoidh sé éifeachtachtaí costais agus próisis bhainistíochta comhad agus taifead níos fearr go hinmheánach. Eagraíodh dian-Saotharlanna ag a raibh foirne trasfheidhme ón dá Oifig, chun feidhmiúlacht an chórais a mhol an díoltóir a athbhreithniú agus a mheas.

Críochnaíodh athbhreithniú ar phróisis ghnó uile na nOifigí i Meán Fómhair 2003, á chinntiú go dtacódh an córas a moladh leis na próisis seo agus go n-uasmhéadófaí úsáid na teicneolaíochta a chuirfí ar fáil. Lena chois sin, rinneadh agus críochnaíodh athbhreithniú iomlán ar na bunachair shonraí uile a bhí in úsáid sna hOifigí i Samhain 2003, chun cruinneas agus cúrsaíocht na faisnéis uile a bhí le haistriú chuig an gcóras nua, a chinntiú. Ghabh na hOifigí orthu féin próiseas chun na riachtanais chomhtháthaithe le córais inmheánacha agus sheachtracha eile a aithint, ar nós an Chórais nua Bainistíochta Airgeadais agus an córas r-ChomhAireachta. Críochnaíodh sainaithint riachtanais oiliúna na n-úsáideoirí córais, maidir leis an aistriú ó *Lotus Notes* go *Microsoft Outlook,* i nDeireadh Fómhair 2003.

Mar a luadh thuas, beidh comhbheartas Bainistíochta Taifead ag an dá Oifig a thabharfaidh tacaíocht don Chóras nua Cásanna agus Taifead atá molta. Rinneadh an-dul chun cinn i rith na bliana ar fhorbairt an bheartais seo. Príomhghné amháin den bheartas is ea go bhforbrófar máistirphlean rangaithe a thacóidh le gabháil, eagrú agus bainistiú faisnéise, eolais agus saineolais laistigh den dá Oifig.

### Córas Bainistíochta Airgeadais

Tar éis comhairle a ghlacadh leis an Lárionad Forbartha Bainistíochta agus Eagraíochta sa Roinn Airgeadais, eisíodh Iarratas ar Thairiscintí i Lúnasa 2003 le haghaidh Córais Bhainistíochta Airgeadais nua d'Oifig Shráid Mhuirfean agus d'Oifig Príomh-Aturnae an Stáit, araon. I Samhain 2003, bronnadh conradh ar Mentec chun an Córas Bainistíochta Airgeadais nua a sholáthar agus a insealbhú. Cuirfidh an córas nua, a thosaigh ag feidhmiú in Iúil 2004, ar chumas an dá Oifig gach iarratas ó sholáthróirí ar íocaíocht neamhphá a phróiseáil, feidhm a bhí á comhlíonadh ag an Roinn Airgeadais roimhe seo ar bhonn gníomhaireachta, agus ligfidh sé do na hOifigí ár riachtanais faoin gCreat Faisnéise Bainistíochta a fhreastal.

**Creat Faisnéise Bainistíochta**

Mar a luadh thuas, tá an Oifig lántiomanta d'insealbhú Córais Bhainistíochta Airgeadais nua, chun athchóiriú na bainistíochta airgeadais a chumasú faoi Thionscnamh na Bainistíochta Straitéisí (SMI). Le linn 2003, rinne an Oifig i gcoitinne an-dul chun cinn ar nuachóiriú chóras cuntasaíochta na hOifige, d'fhonn freagairt do na riachtanais nua bainistíochta airgeadais, costála agus tuairiscthe feidhmíochta.

Tháinig Bord Tionscadail Chreat na Faisnéise Bainistíochta (MIF), agus ionadaithe Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, le chéile i nDeireadh Fómhair 2003, chun tús a chur le plé faoi tháscairí feidhmíochta, straitéis chumarsáide don MIF agus na roghanna costála atá ann don Oifig. Tháinig an Bord le chéile go leanúnach le linn 2003 agus d'aontaigh sé ar mhodheolaíocht imlíneach le haghaidh costas seirbhíse dlí i Meitheamh 2003, chun na riachtanais chuí a chuimsiú san Iarratas ar Thairiscintí don Chóras Bainistíochta Airgeadais nua. Lena chois sin, shainaithin an Bord i Samhain 2003 an chéad tráinse riachtanas faisnéise do bhainistiú ardleibhéil an airgeadais. I Lúnasa 2003, chuir an Oifig tús le forbairt ar tháscairí feidhmíochta airgeadais agus neamh-airgeadais i gcomhthéacs le forbairt an Chórais Bainistíochta Airgeadais nua agus an Chórais Bainistíochta Cásanna agus Taifead, agus rinne Foirne Tionscadail an dá chórais comhthadhall i rith na bliana faoi cheist na costála.

**Tionscadail IT Bhonneagair agus Eile**

Rinneadh ionruathair bhreise ar na tionscadail bhonneagair a thacóidh leis na córais ghnó agus críochnaíodh a bhformhór.

Rinneadh dul chun cinn nach raibh chomh mór céanna ar r-Reachtaíocht agus ar Chóras Bainistíochta na nAcmhainní Daonna. Forbraíodh Straitéis Bainistíochta Eolais ar bhonn foirmeálta san Oifig le linn 2003 le cúnamh saineolach seachtrach, agus beidh sé seo mar bhonn le roinnt tionscnamh, lena n-áirítear réitheach teicniúil a fheidhmiú in áit Chóras Fios Gnó reatha na hOifige.

Chomhoibrigh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) le hOifig Thithe an Oireachtais ar thionscadal chun sonraíocht theicniúil chomhaontaithe a fhorbairt do Bhillí, agus í chóras-neamhspleách. D'fhorbair ODP sonraíochtaí den chineál céanna d'Ionstraimí Reachtúla agus d'Athráitis agus tá sé i gceist go gcorprófar iad seo sa chóras r-Reachtaíochta tras-Oifige.

I Meán Fómhair 2003, athbhreithníodh agus nuashonraíodh láithreán gréasáin na hOifige le Táblaí Cróineolaíochta, Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla 2002 agus an tAthráiteas um Dhíol Earraí, Ráiteas Straitéise nua na hOifige agus sonraí fhógraí earcaíochta na hOifige.

Feabhsaíodh próiseas ainmniúcháin na n-abhcóidí tríd an bhfoirm iarratais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ó dheireadh Iúil 2003. I nDeireadh Fómhair 2003, freisin, d'athdhear Oifig Shráid



Mhuirfean a suíomh inlín, d’fhonn leagan amach agus toirbhirt níos fearr a éascú ar mhaithe leis an bhfoireann.

### Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais

Déantar athbhreithnithe caiteachais chun éifeacht agus éifeachtacht (luach ar airgead) na gclár caiteachais a mheas, lena n-áirítear an méid a bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí na gclár, anois agus feasta, á n-aimsiú, agus sásúlacht na dtáscairí feidhmíochta reatha ó thaobh monatóireachta de. D’fhaomhaigh an Roinn Airgeadais i Meán Fómhair 2003, moltaí na hOifige maidir le hathbhreithnithe ar Scéim an Ard-Aighne (i gcomhar le CSSO), ar Choimisiún Athchóirithe an Dlí, ar Sholáthar Seirbhísí Gearrscríobhaithe agus ar Athghabháil Costas. Níor cuireadh tús le ceann ar bith de na hathbhreithnithe seo i 2003 de bharr éileamh oibre eile.

# Caibidil 8: An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Príomhchuspóir 5

## Príomhchuspóir 5

**Rochtain a thabhairt don fhoireann ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil, trí acmhainní agus seirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus fios gnó a sholáthar agus a fhorbairt.**

Is iad seo a leanas na príomhstraitéisí:

- Straitéis bainistíochta eolais a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú, agus feidhmíocht bainistíochta eolais (KM) a roghnú mar atá luaite sa straitéis sin. Sainaithneoidh an straitéis seo, freisin, na réitigh neamhtheicniúla chun eolas a roinnt trasna an dá oifig.
- Acmhainní/seirbhísí faisnéise cuí a roghnú, le béim ar ríomh-sheachadadh agus ar ríomh-chomhordú comhaontuithe ceannacháin, mar is cuí, idir leabharlanna Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.
- Cuí-oiliúint a sholáthar i scileanna leabharlainne/eolais lena chinntiú go n-úsáidfear acmhainní faisnéise na hOifige go héifeachtach agus go dtacófar le tionscnaimh oiliúna níos leithne na hOifige.

## An Dul Chun Cinn atá Déanta

Thairg Aonaid Leabharlainne agus Fios Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit raon leathan d'áiseanna leabharlainne dlí, de thaighde dlí agus de sheirbhísí fios gnó le linn 2003. Ba iad na príomhchliaint a bhí ag aonad Leabharlainne agus Fios Gnó Oifig Shráid Mhuirfean, an tArd-Aighne, Abhcóidí Comhairleacha, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte an Rialtais, Aonad Athchóirithe an Dlí Reachtúil agus an fhoireann riaracháin. Ar na cliaint thánaisteacha bhí comhairleoirí dlí rannacha agus státseirbhísigh eile.

Ba iad na príomhchliaint ag Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, Príomh-Aturnae an Stáit, aturnaetha, foireann dhlíthiúil, theicniúil agus riaracháin na hOifige atá lonnaithe i dTeach Osmond, Sráid Fhearchair (Biúró na bhFáltas Coiriúil) agus ar Shráid Fhearchair Theas (Rannóg Chaillteanas Éisteachta an Airm). Cuireadh na seirbhísí leabharlainne ar fáil, freisin, d'aturnaetha a sannadh do bhinsí Fiosrúcháin éagsúla. Ar na cliaint thánaisteacha bhí aturnaetha stáit áitiúla, gníomhaireachtaí rialtais agus státseirbhísigh eile. D'athraigh an Leabharlann a ainm go dtí an tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó, i Meitheamh 2003. Léirigh an t-athrú ainm na dualgais agus na feidhmeanna breise a ghlac an tAonad air féin i leith bhainistiú an eolais (KM), agus an tábhacht bhreise a bhaineann le tionscnaimh KM sna seirbhísí atá á dtairiscint ag an Leabharlann.

**Na Seirbhísí a Sholáthraigh an tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó le linn 2003**
Sholáthraigh an dá Aonad na seirbhísí seo a leanas dá gcliaint inmheánacha i 2003:



- *Webcat,* catalóg leabharlainne ar líne
- Rochtain ar bhailiúchán dlíthiúil (téacsleabhair, cásdlí, dlíthíocht)
- Rochtain deisce ar ríomhbhailiúchán mór dlí
- Bunachar sonraí fios gnó dhlíthiúil (AGO amháin)
- Seirbhísí faisnéise/taighde dlí
- Oiliúint i scileanna faisnéise
- Seirbhísí feasachta reatha
- Rochtain ar leabharlanna seachtracha agus ar sheirbhísí faisnéise
- Iasachtaí agus seirbhís iasachta idirleabharlainne
- Seirbhís sheachadta cáipéisí
- Seirbhís agus cartlann na dialainne dlí (CSSO amháin).

D'oibrigh an dá Aonad le chéile chun roinnt seirbhísí feasachta saindeartha reatha a sholáthar. Roinn foireann an dá Aonaid a gcuid eolais agus saineolais ar a chéile go leanúnach neamhfhoirmeálta.
Thionscain Taighdeoirí Dlí Oifig Shráid Mhuirfean seirbhís léimh phrofaí d'Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas sa ráithe deiridh de 2003.

## Córas Bainistíochta Leabharlainne

***Unicorn***

Roinneann na hAonaid agus an Coimisiún Athchóirithe Dlí an córas bainistíochta il-leabharlainne (Unicorn) lena chéile.
Chuir Leabharlannaí na gCóras in Oifig Shráid Mhuirfean tacaíocht riaracháin córas ar fáil don chóras il-leabharlainne seo.
Cuireann *Unicorn* ar chumas fhoireann agus úsáideoirí na leabharlainne sa dá Oifig, agus Choimisiún Athchóirithe an Dlí, bailiúcháin na dtrí leabharlann a chuardach ag an am céanna. Éascaíonn *Unicorn,* freisin, comhchatalógú ábhar dlí ag na foirne leabharlainne, ag laghdú, dá réir, dhúblú na hoibre agus ag méadú a héifeachtachta.

## Straitéis Bainistíochta Eolais

Ghlac an Oifig le Straitéis Bainistíochta Eolais in Aibreán 2003. Cuireann an Straitéis creat ar fáil chun eolas agus faisnéis AGO/CSSO a aithint, a ghabháil, a sheachadadh agus a athúsáid, rud a chinntíonn éifeachtacht bhreise san obair agus a fheabhsaíonn seachadadh na seirbhísí dlí. D'fhorbair na hOifigí an Straitéis le cabhair comhairleora sheachtraigh agus le foireann tionscadail de bhaill foirne dlí, riaracháin, Leabharlainne agus Fios Gnó, agus IT, tar éis iniúchadh faisnéise a dhéanamh ar fud na hOifige.
Cloíonn Straitéis Bainistíochta Eolais AGO/CSSO le sárchleachtas nuair is féidir, díríonn sí ar thoradh an iniúchta faisnéise agus tógann sí ar bhonn na dtionscnaimh bainistíochta faisnéise reatha sa dá Oifig. Le linn na dtrí bliana atá romhainn feidhmeofar fiche moladh a thacaíonn leis na réimsí seo a leanas:

- Cothú agus cur chun cinn cultúir comhroinnte eolais
- Forbairt gnáthaimh a chuideoidh leis an bhfoireann eolas agus faisnéis a roinnt lena gcomhghleacaithe

- Forfheidhmiú cuíghnáthaimh teicneolaíochta a chuideoidh leis an bhfoireann eolas agus faisnéis a ghabháil, a athúsáid agus a scaipeadh ar chomhghleacaithe
- Forfheidhmiú gnáthamh agus teicneolaíochtaí cuí a chinnteoidh go mbeidh scileanna, ábhar, saineolas agus dualgais na foirne inrochtana agus ar fáil ag cách.

Chun cuidiú le forfheidhmiú na Straitéise agus chun tacú le dul chun cinn agus le faireachán na dtionscnamh Bainistíochta Eolais, bunaíodh Croífhoireann Bainistíochta Eolais, freisin. Ós rud é go bhfuil an Straitéis KM ailínithe go dlúth le príomhchuspóirí an Ráitis Straitéise agus gur gné de chomhaontú *Bhuanú an Dul Chun Cinn* í an bhainistíocht eolais, tá an fhoireann seo comhdhéanta de bhainisteoirí sinsearacha dlí agus de bhainisteoirí na bpríomhaonad gnó mar IT, Acmhainní Daonna, Leabharlann agus Oiliúint.

Rinneadh dul chun cinn ar dhá cheann déag den fhiche moladh le linn 2003. Scrúdaíodh moltaí a chothódh agus a d'fhorbródh fóraim mhalartaithe eolais intuigthe ar nós Cruinnithe Saincheisteanna Dlí a bhunú in CSSO agus cruinnithe chun eolas a roinnt idir na Gráid Oifigigh Feidhmiúcháin agus Oifigigh Foirne.

Cuireadh dualgas ar leith ar na hAonaid Leabharlainne agus Fios Gnó roinnt moltaí a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear sraith Treoracha Tagartha Dlí a fhoilsiú ag Aonad Fios Gnó AGO ar réimsí an-topaiciúla substaintiúla dlí. Ina theanntasan, thionscain na hAonaid táirgeadh an *Legal Bulletin* go míosúil. Cuireann an Legal Bulletin faisnéis ar fáil don fhoireann ar fhorbairtí dlíthiúla, agus achomaireachtaí ar phríomhcháipéisí inmheánacha ar nós tuairimí, comhairlí agus athbhreithnithe faoi chomhdhálacha a ndearnadh freastal orthu.

I 2003, freisin, d'iniúch agus scrúdaigh foireann tionscadail ó CSSO na hacmhainní agus na riachtanais a bhí de dhíth chun nuachtlitir Oifige a tháirgeadh. Tabharfaidh nuachtlitir na hOifige eolas don fhoireann ar fhorbairtí san Oifig, ar dhul chun cinn na bpríomhthionscadal IT agus ar nuacht shóisialta na hOifige.

Le linn saolré na Straitéise, forbrófar moltaí bainistíochta eolais IT-spleácha mar atá, forbairt cáineamaíochtaí, inlíon comhroinnte (a chuimseoidh aimsitheoir scileanna agus feidhmchláir eile a thacóidh le bainistiú an eolais) agus feidhmchlár bainistíochta eolais de chuid AGO/CSSO. Rinne an Croífhoireann Bainistíochta Eolais céadiniúchadh áirithe ar na tionscadail seo i 2003.

### Bunachar Sonraí Nua den Fhios Gnó Dlíthiúil

Aontaíodh go dtionscnófar obair ar na moltaí IT-bhunaithe faoi bhainistiú eolais tar éis fhorfheidhmiú an Chórais Bhainistíochta Cásanna agus Taifead. Rinneadh an bunachar sonraí fios gnó reatha in Oifig Shráid Mhuirfean a nuashonrú ar bhonn leanúnach i 2003 leis na príomhcháipéisí inmheánacha dlí



a roghnaíodh. Tá an bunachar sonraí seo ar fáil ar dheasca na foirne dlíthiúla uile. Tá rochtain ag an bhfoireann dlí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ar an mbunachar sonraí trí Oifig an Leabharlannaí Dlí.

**Bainistíocht Bailiúcháin**

Athchóiríodh an straitéis forbartha bailiúcháin ag Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó Oifig Shráid Mhuirfean do 2003. Feabhsaíodh na hacmhainní cló agus leictreonacha sa dá leabharlann agus comhordaíodh ceannachán nuair ab fhéidir. Athfhorbraíodh leathanaigh inlín an Aonaid le linn 2003 agus éascaíodh an rochtain ar 'ionad ilfhreastail' na n-acmhainní agus na seirbhísí leabharlainne uile. Ar an dóigh céanna, nuashonraigh Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ábhar an Aonaid ar chlár feasacháin *Lotus Notes* na hOifige d'fhonn faisnéis a sholáthar don fhoireann faoi bhailiúcháin, sheirbhísí agus fhorbairtí.

**Oiliúint i Scileanna Faisnéise**

Cheap an Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó araon cláir oiliúna dhébhliantúla i scileanna faisnéise, lena chinntiú go mbainfidh úsáideoirí leas éifeachtach as acmhainní na leabharlainne agus go bhforbróidh siad a scileanna aisghabhála i leith faisnéise ginearálta. Tá meicníochtaí aiseolais i bhfeidhm lena chinntiú go n-ailínítear go dlúth an oiliúint seo le riachtanais na n-úsáideoirí. Chuir na hAonaid tacaíocht ar fáil, freisin, do thionscnaimh oiliúna don Oifig ar fad; go háirithe do chlár oideachais Ghrúpa Oibre an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine do 2003.

**Plean Tubaiste agus Téarnaimh**

Luann plean tubaiste agus téarnaimh an Aonaid Leabharlainne agus Fios Gnó in Oifig Shráid Mhuirfean, a críochnaíodh ag deireadh 2003, pleananna de leibhéal praiticiúil chun freagairt ar theagmhais gan choinne, ar nós dóiteán nó tuilte, a mbeadh iarmhairtí so-scriosacha ag gabháil leo do ghabháltais agus sheirbhísí an Aonaid. Tá plean den chineál céanna á cheapadh anois d'Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

**Catalógú Siarghabhálach**

Le linn na bliana cuireadh críoch le catalógú siarghabhálach na n-ionstraimí reachtúla in Oifig Shráid Mhuirfean. Rinneadh dul chun cinn substaintiúil le linn 2003 ar chatalógú siarghabhálach an chroíbhailiúcháin téacsleabhar agus breithiúnas in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

# Caibidil 9: An Dul Chun Cinn Déanta ar aimsiú Phríomhchuspóir 6

## Príomhchuspóir 6

**Cur le seirbhís éifeachtach don phobal trí spreagadh agus cuidiú a thabhairt do chomhordú seirbhísí dlí an Stáit.**
Le cois ábhar a ndearnadh tagairt dóibh i bPríomhchuspóirí 1 go 5 agus ar déileáladh leo sa Tuarascáil seo, tabharfar faoi na príomhstraitéisí seo a leanas:

- Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas agus é ag láimhseáil saincheisteanna trasghearrtha agus beartas dlíthiúil, trí fhreastal agus chomhairle a thabhairt ar choistí idir-rannacha agus ar ghrúpaí oibre.

- Páirteachas dearfach a ghlacadh le comhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais chun a chinntiú go bhfuil an chomhairle a thugtar comhsheasmhach le comhairlí eile atá tugtha ag an Ard-Aighne.

- Bainistiú straitéiseach dlíthíochta, go háirithe i leith olléileamh.

- Athbhreithniú ar chleachtais reatha maidir le dlíthíocht agus ar idirghabhálacha os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa.

- Páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin leis an gCoimisiún Athchóirithe Dlí agus é ag gabháil dá ról athbhreithnithe, scrúdaithe agus foirmithe moltaí d'Athchóiriú an Dlí.

- Tacú le forbairt na straitéisí IT atá ag Seirbhís na gCúirteanna agus ag an mbreithiúntacht.

- Eagrú/urrú agus reáchtáil comhdhála ar shaincheisteanna dlí atá ábhartha d'Éirinn faoi láthair.

## An Dul Chun Cinn atá Déanta

**Coistí agus Grúpaí Oibre Idir-Rannacha**
Le linn 2003 bhí páirteachas an-ghníomhach ag Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i raon tionscadal agus grúpaí trasrannacha faoi cheisteanna dlí agus neamhdhlí araon. Tá liosta iomlán na gcoistí agus na ngrúpaí seo in Iarscríbhinn E.

**Coiste Reachtaíochta an Rialtais**
Príomh-mheicníocht eile a éascaíonn comhordú seirbhísí dlí an Stáit is ea Coiste Reachtaíochta an Rialtais. Le linn 2003 bhí Oifig na nDréachtóirí don Rialtais (OPC) páirteach go lárnach in obair an Choiste seo. Faoi chathaoirleacht Phríomh-Aoire an Rialtais, cuireann an Coiste moltaí reachtaíochta in ord tosaíochta agus éascaíonn sé forfheidhmiú Clár Reachtaíochta an Rialtais trí:

- Na dátaí dóchúla a gcuirfear téacsanna Billí chuig an Rialtais lena bhfaomhadh agus a bhfoilsiú ina dhiaidh sin, a réamh-mheas.

- Faoi réir na Comh-Aireachta, tosaíochtaí dréachtaithe a shannadh do Bhillí, nuair a bheidh Cinn an Bhille (i.e. Treoracha Rannacha do dhréachtóir an Bhille) faomhaithe ag an Rialtas.

- An dréacht-Phreaseisiúint faoi Chlár Reachtaíochta an Rialtais (a fhoilsítear trí



uaire sa bhliain roimh thús gach Seisiún Dála) a ullmhú agus a aontú d'fhaomhadh an Rialtais.

Maoirsíonn an Coiste gach Bille Rialtais a mholtar, ón uair a chuimsítear é i gClár Reachtaíochta an Rialtais go deireadh a chúrsa trí Thithe an Oireachtais.

Tuairiscíonn OPC gach seachtain do Choiste Reachtaíochta an Rialtais, faoi shonraí an dul chun cinn a rinneadh ar dhréachtadh Billí agus ionstraimí reachtúla a aistríonn bearta an AE go reachtaíocht bhaile.

Solathraíonn páirteachas leanúnach an OPC in obair Choiste Reachtaíochta an Rialtais an mheicníocht fhíorthábhachtach chun idirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíocha na Ranna ar sheirbhísí an OPC agus chun plé leis na fadhbanna féideartha in aghaidh fhorfheidhmiú réidh gasta Chlár Reachtaíochta an Rialtais.

### "Saincheisteanna Trasghearrtha" nó "Idir-rannacha"

Mar a luaitear i gCaibidil 3, tá claonadh ann anois seirbhísí dlí a éileamh chun saincheisteanna a thrasnaíonn sainchúraimí Ranna Rialtais éagsúla a réiteach. De ghnáth déileáiltear leis na ceisteanna seo trí mheicníocht na nGrúpaí Oibre agus na dTascfhórsaí idir-rannacha. Is samplaí de na réimsí beartais seo iad Gnóthaí an AE, cúrsaí Thuaiscirt Éireann, inimirce agus tearmann, oideachas agus cúram sláinte, etc.

Éilíonn na foirne discréideacha idirdhisciplíne seo modhanna nua oibre ar gá don chóras trí chéile, agus d'Oifig an Ard-Aighne laistigh den chóras sin, a bheith oiriúnaithe lena n-aghaidh.

### Comhoibriú le Comhairleoirí Dlí sna Ranna Rialtais

Leanann Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ag cothú caidrimh dhearfaigh oibre le comhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais. Méadaíonn tábhacht na nasc seo de réir mar a fhásann an líon saincheisteanna casta dlí idir-rannacha. Bíonn ról an-tábhachtach, freisin, ag na naisc le comhairleoirí dlí na Ranna, in ullmhú reachtaíochta. Bhí comhoibriú i rith na bliana idir Abhcóidí Comhairleacha agus Comhairleoirí Dlí Rannacha ar raon mór ábhar, á chinntiú go raibh comhsheasmhacht sna comhairlí a thug siad le comhairlí eile a bhí tugtha ag an Ard-Aighne.

### Bainistiú dlíthíochta – go háirithe olléilimh

I rith na bliana lean an Oifig den bhunchuspóir atá aici oibriú le Ranna chun costas na n-olldlíthíochta don Státchiste a íoslaghdú. Rinne an Oifig iarracht na héilimh a láimhseáil ar bhealach onnghníomhach, straitéiseach, d'fhonn toradh optamach a bhaint amach don Stát.

I 2003 d'fheidhmigh an Oifig córais a bhí i bhfeidhm cheana féin agus a d'éascaigh comhordú dlúth le Gníomhaireacht Éileamh an Stáit i leith éileamh tarmligthe. Thug na cainnéil chumarsáide fhoirmeálta agus

neamhfhoirmeálta idir an Oifig agus an Ghníomhaireacht, deis don Oifig leas a bhaint as an saineolas speisialaithe i mbainistiú éileamh atá le fáil ansiúd.

Nuair a bhí dlíthíocht á láimhseáil aici i leith díobhálacha pearsanta nár tarmligeadh, ach go háirithe, dhírigh an Oifig ar cheisteanna dliteanais ag céim níos luaithe den phróiseas dlíthíochta, d'fhonn costas iomlán na n-éileamh a laghdú.

I gcomhthéacs speisialtóireacht bhreise na nGrúpaí Abhcóidí Comhairleacha agus de bhun cuspóirí na bpleananna gnó agus na ngealltanas sa Chairt Seirbhíse don Chustaiméir, eagraíodh cruinnithe athbhreithnithe rialta le cliant-Ranna i bpríomhearnálacha áirithe. Orthu seo bhí tearmann agus inimirce, ídiú leanaí, cásanna sainoideachais, etc.

## Dlíthíocht agus Idirghabhálacha i gCúirt Cheartais na hEorpa

Mar a luadh níos luaithe sa chaibidil seo, is straitéis thábhachtach í, de bhun Príomhchuspóir 6, go n-athbhreithneodh Oifig an Ard-Aighne na cleachtais reatha maidir le dlíthíocht atá os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa (ECJ). Dá réir sin, mar a dúradh cheana, d'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha as Oifig Shráid Mhuirfean ar Chúirt Cheartais na hEorpa i Lucsamburg ó Shamhain 2002 go lár Márta 2003. Arís, i 2003, chuaigh aturnae as Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun na Cúirte ar dhá ócáid ar feadh tréimhsí dhá sheachtaine.

De thoradh na faisnéise a fuarthas, cheap an Oifig Grúpa Oibre um Ghnáthaimh i nDlíthíocht an ECJ, chun gnáthaimh a scrúdú agus moltaí a dhéanamh maidir le baint an Stáit le dlíthíocht an ECJ. Tá roinnt moltaí praiticiúla déanta cheana féin ag an nGrúpa chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar fhreagairt an Stáit do dhlíthíocht sa ECJ.

## Rannpháirt i Straitéisí IT

Trí pháirt a ghlacadh i straitéisí IT ar fud na státseirbhíse bíonn deis eile ann chun comhordú níos éifeachtaí a dhéanamh ar na seirbhísí dlí. Mar sin de, bhí ionadaíocht leanúnach ag an Oifig le linn 2003 ar Ghrúpa Tadhaill Ghnó na r-ChomhAireachta, lena chinntiú go mbeidh an Oifig láneolach ar acmhainní an chórais agus go bhforbrófar a fheidhmiúlacht ar shlí a fhreagróidh dá riachtanais ghnó.

Le linn na bliana chomhoibrigh an Oifig go leanúnach le Seirbhís na gCúirteanna chun a straitéis IT a fhorbairt. Is baill de Ghrúpa Ríomhaireachta na Cúirte Uachtaraí iad foireann dlí agus IT na hOifige, agus bíonn siad rannpháirteach ina chuid oibre. Tá an Oifig bainteach leis an ngrúpa seo, lena chinntiú go bhfuil ailtireacht agus feidhmiúlacht ár gcóras ag teacht le riachtanais na teicneolaíochta atá á forbairt agus á forfheidhmiú ag na cúirteanna mar chuid dá gclár nuachóirithe.

Sa deireadh thiar, tá ionadaíocht ag an Oifig ar an gCoiste Fís-Chomhdhála a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in Eanáir 2003. Tá scrúdú á



dhéanamh ag an gCoiste seo ar an acmhainn atá ag teicneolaíocht na fís-chomhdhála chun feabhas a chur ar éifeacht agus ar éifeachtacht stiúrú na dtrialacha coiriúla agus sibhialacha. Faoi láthair tá tuairisc eatramhach á hullmhú ag an gCoiste don Aire faoin acmhainn seo, ó thaobh stiúradh na n-éisteachtaí réamhthrialacha a bhfuil baint ag príosúnaigh leo, e.g. éisteachtaí maidir le bannaí agus athchur, agus éascú teagmhála agus comhairliúcháin idir dlíodóirí agus príosúnaigh.

**An Coimisiún Athchóirithe Dlí**
Is gné thábhachtach de chomhordú seirbhísí dlí an Stáit í go mbeadh cur chuige comhordaithe á ghlacadh maidir le hathchóiriú an dlí. Le linn 2003 d'éascaigh Oifig Shráid Mhuirfean, trí chomhairliúchán agus teagmhálacha, an ról atá ag an gCoimisiún Athchóirithe Dlí maidir le hathbhreithniú, scrúdú agus foirmiú moltaí le haghaidh athchóiriú an dlí. Chas an Comhchoiste a ceapadh chuige seo agus ionadaithe ó Oifig Shráid Mhuirfean agus ón gCoimisiún Athchóirithe Dlí le chéile ar roinnt ócáidí. Ina theanntasan, ghlac foireann shinsearach ón Rannóg Athbhreithnithe Dlí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit páirt i dtionscadal taighde an Choimisiún Athchóirithe Dlí i dtaobh chleachtas agus ghnáthamh an Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh, agus thairg siad aighneachtaí faoi athchóiriú sa réimse seo.

Chomh maith leis na tionscnaimh dhlíthiúla, bhí forbairtí IT ann, freisin. Rinne an Coimisiún nuashonrú ar láithreán gréasáin an Choimisiún Athchóirithe Dlí (a d'fhorbair Aonad TF Oifig Shráid Mhuirfean i 2001) agus tá roinn *Latest News* ann anois. Tugann an láithreán, freisin, lánrochtain ar gach foilseachán de chuid an Choimisiúin ó bunaíodh é i 1975. Is féidir iad seo a bhreathnú agus a íoslódáil ar líne.

Ba réimse comhoibrithe rathúil, freisin, idir Coimisiún Athchóirithe an Dlí agus Oifig Shráid Mhuirfean, an réimse Leabharlainne agus Fios Gnó. Le linn na bliana thug an Oifig cuidiú don Choimisiún le hullmhúcháin do rolladh amach feidhmchlár deisce den chatalóige Leabharlainne, a ligeann do thaighdeoirí an Choimisiúin bailiúchán na leabharlainne a scrúdú óna ndeasca, agus do rolladh amach na féineisiúna i leabharlann an Choimisiúin, a ligeann do thaighdeoirí leabhair agus foilseacháin faoi athchóiriú an dlí a fháil ar iasacht ón mbailiúchán.

Chomhoibrigh Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó Oifig Shráid Mhuirfean ar fhorbairt chatalóg na Leabharlainne le Bainisteoir Faisnéise an Choimisiúin. Rinne an tAonad méid mór oibre, lena n-áirítear taighde agus tástáil clár, mar ullmhú don fhéineisiúint sa Choimisiún Athchóirithe Dlí. Tá tacaíocht riaracháin córas á soláthar i gcónaí ag an Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó in Oifig Shráid Mhuirfean don chóras bainistíocht il-leabharlainne sa Choimisiún.

# Iarscríbhinní





# Iarcríbhinn A

## Billí Rialrais a Foilsíodh i 2003 (46)

An Bille um Aer Lingus 2003

An Bille um an mBord Bia (Leasú) 2003 [Seanad]

An Bille um Leithreasa 2003

An Bille Craolacháin (Maoiniú) 2003 [Seanad]

An Bille Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Morócáidí) (Leasú) 2003 [Seanad]

An Bille an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003

An Bille um Chlárú Sibhialta 2003

An Bille um Choimisiúin 2003

Bille na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003

Bille na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte (Leasú) 2003

An Bille um Cheartas Coiriúil (Foirne Comhpháirtíochta um Imscrúdú) 2003 [Seanad]

An Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2003

An Bille um Cheadanna Fostaíochta 2003 [Seanad]

An Bille um Barántas Gabhála 2003 [Seanad]

Bille na gComhphobal Eorpach 2003 [Seanad]

An Bille um Thoghacháin do Phairlimint na hEorpa (Leasú) 2003

An Bille Airgeadais 2003

An Bille um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 [Seanad]

Bille an Gharda Síochána (Comhar Póilíneachta) 2003 [Seanad]

An Bille Sláinte (Leasú) 2003 [Seanad]

An Bille um an gCoimisiún Neamhspleách Faireacháin 2003 [Seanad]

An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) 2003

An Bille um an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2003

An Bille um Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta (Leasú) 2003

An Bille Deochanna Meisciúla 2003

An Bille Rialtais Áitiúil (Uimh. 2) 2003 [Seanad]

An Bille Rialtais Áitiúil 2003 [Seanad]

An Bille um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2003 [Seanad]

Bille an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Cumhachtaí agus Feidhmeanna) 2003

An Bille um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2003

An Bille um Ola-Thruailliú na Farraige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh) (Leasú) 2003 [Seanad]

An Bille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 [Seanad]

An Bille um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 [Seanad]

An Bille um Chaomhnú an Chomhshaoil 2003 [Seanad]

An Bille Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú) 2003

An Bille um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2003

An Bille um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 2003 [Seanad]

An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe 2003

An Bille um Thrácht ar Bhóithre 2003

An Bille um Thruailliú na Farraige (Forálacha Ilghnéitheacha) 2003 [Seanad]

An Bille Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2003

An Bille Leasa Shóisialaigh 2003

An Bille um Rialáil Tacsaithe 2003

An Bille um Aistriú Forghníomhaithe Pianbhreithe 2003 [Seanad]

An Bille um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) (Leasú) 2003 [Seanad]

An Bille um Sheirbhísí Uisce 2003 [Seanad]

# Iarcríbhinn B

## Billí Poiblí a Achtaíodh i 2003 (46)



An tAcht um Leithreasa 2003

An tAcht Ealaíon 2003

An tAcht Craolacháin (Maoiniú) 2003

An tAcht Craolacháin (Tuairisciú Teilifíse Mórócáidí) (Leasú) 2003

An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003

Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003

Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003

An tAcht um Airm Núicléacha a Imshrianadh 2003

Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte (Leasú) 2003

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil Aindleathach ar Muir) 2003

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 2003

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Scaoileadh Sealadach Príosúnach) 2003

An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003

An tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003

An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2003

An tAcht um Barántas Gabhála 2003

Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2003

An tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003

An tAcht Airgeadais 2003

An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003

An tAcht Iascaigh (Leasú) 2003

Acht an Gharda Síochána (Comhar Póilíneachta) 2003

An tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2003

An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003

An tAcht Inimirce 2003

An tAcht um an gCoimisiún Neamhspleách Fairecháin 2003

An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003

An tAcht Deochanna Meisciúla 2003

An tAcht um Cheadúnú Ócáidí Laistigh 2003

An tAcht Rialtais Áitiúil 2003

An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2) 2003

Acht an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Cumhachtaí agus Feidhmeanna) 2003

An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2003

An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

An tAcht um Ola-Thruailliú na Farrige (Dliteanas Sibhialta agus Cúiteamh) (Leasú) 2003

An tAcht um Radharcmheastóirí (Leasú) 2003

An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003

An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil 2003

An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 2003

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2003

An tAcht Leasa Shóisialaigh 2003

An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2003

An tAcht um Rialáil Tacsaithe 2003

An tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003

# Iarcríbhinn C

## Sliocht as Cuntais Leithreasa 2003, Oifig an Ard-Aighne.

**Oifig an Ard-Aighne Vóta 13**

Cuntas ar an méid a caitheadh, sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2003, i gcomparáid leis an méid a deonadh agus leis an méid breise is féidir a fheidhmiú mar leithreasaí i gcabhair, do thuarastail agus do chostais Oifig an Ard-Aighne, le deontas i gcabhair san áireamh.

| | Seirbhís | Soláthar Meastacháin | Toradh | Fabhruithe Dúnta |
|---|---|---|---|---|
| | Riarachán | €'000 | €'000 | €'000 |
| A1 | Tuarastail, Pá & Liúntais | 6,739 | 7,002 | - |
| A2 | Taisteal & Cothabháil | 394 | 200 | 7 |
| A3 | Costais Theagmhasacha | 939 | 743 | (44) |
| A4 | Seirbhísí Poist & Teileacumarsáide | 177 | 162 | (7) |
| A5 | Innealra Oifige & Soláthairtí Oifige | 2,295 | 1,069 | (18) |
| A6 | Costais an Fhoirgnimh Oifige | 408 | 201 | 1 |
| A7 | Comhairleoireacht | 1,246 | 657 | 66 |
| | Seirbhísí Eile | | | |
| B | Síntiúis d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta | 27 | 24 | |
| C | An Coimisiún Athchóirithe Dlí (Deontas i gCabhair) | 1,577 | 1,577 | - |
| D | Costais Ghinearálta Dlí | 160 | 27 | - |
| | Mór-Iomlán | 13,962 | 11,662 | 5 |
| Lúide | | | | |
| E | Leithreasaí i gCabhair | 13 | 17 | 8 |
| | Glan-Iomlán | 13,949 | 11,645 | (3) |
| Farasbarr le géilleadh: | | | | €2,303,680 |

# Iarcríbhinn C
# Sliocht as Cuntais Leithreasa 2003, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit



**Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit Vóta 18**
Cuntas ar an méid a caitheadh, sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2003, i gcomparáid leis an méid a deonadh agus leis an méid breise is féidir a fheidhmiú mar leithreasaí i gcabhair, do thuarastail agus do chostais Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, lena n-áirítear deontas i gcabhair.

| | Seirbhís | Soláthar Meastacháin | Toradh | Fabhruithe Dúnta |
|---|---|---|---|---|
| Riarachán | | €'000 | €'000 | €'000 |
| A1 | Tuarastail, Pá & Liúntais | 13,547 | 13,339 | - |
| A2 | Taisteal & Cothabháil | 207 | 196 | 6 |
| A3 | Costais Theagmhasacha | 882 | 853 | 42 |
| A4 | Seirbhísí Poist & Teileacumarsáide | 555 | 440 | 43 |
| A5 | Innealra Oifige & Soláthairtí Oifige | 3,082 | 1,019 | 37 |
| A6 | Costais an Fhoirgnimh Oifige | 286 | 254 | 3 |
| A7 | Comhairleoireacht | 277 | 247 | 4 |
| | Seirbhísí Eile | | | |
| B | Táillí d'Abhchóidí | 7,500 | 9,028 | 1,543 |
| C | Costais Ghinearálta Dlí | 4,250 | 4,165 | 210 |
| | Mór-Iomlán | 30,586 | 29,541 | 1,888 |
| Lúide | | | | |
| D | Leithreasaí i gCabhair | 190 | 803 | 4,306 |
| | Glan-Iomlán | 30,396 | 28,738 | (2,418) |
| Farasbarr le géilleadh: | | | | €1,657,749 |

# Iarcríbhinn D

## Tuairisc ar na chleachtais íocaíochta do 2003: Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

### Ginearálta

1. Déanann ár ngníomhaire íocaíochta, Brainse na gCuntas sa Roinn Airgeadais, bunús na n-íocaíochtaí thar ceann na hOifige seo, ag comhlíonadh téarmaí an Achta um Fhéichiúntacht Cuntas, 1997, agus Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Is cóir a thabhairt faoi deara nach mbaineann an tAcht le híocaíochtaí i leith táillí dlí.

### Íocaíochtaí Déanacha

2. Rinneadh íocaíochtaí iomlána de €4.53 milliún i 2003 as Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí lena mbaineann an tAcht. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí déanacha i 2003.

**Ráiteas Comhaill maidir leis an Acht um Fhéichiúntacht Cuntas, 1997 agus le Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Trádálacha) 2002**

In Eanáir, 1998, scaipeadh ar an bhfoireann uile na treoirlínte a bhí i bhfeidhm chun comhlíonadh an Achta a chinntiú; agus cuireadh Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, in iúl don fhoireann freisin, nuair a tháinig siad i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Tá sé mar aidhm ag na treoirlínte seo go n-éascófar glanadh pras sonrasc agus go gcuirfear cosc le píonóis úis. Rud eile de, déantar monatóireacht rialta ar na gnáthaimh airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig, ina measc na gnáthaimh a chinntíonn comhlíonadh an Achta, agus leasaíodh rith 2004.

# Iarcríbhinn D

## Tuairisc ar na chleachtais íocaíochta do 2003: Oifig Príomh-Aturnae an Stáit



Tá córais ríomhaireachta i bhfeidhm ag CSSO a ceapadh le monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí an Achta.

De ghnáth, bíonn na híocaíochtaí le déanamh ag deireadh an 30 lá reachtúil (sa tréimhse roimh 7 Lúnasa 2002, bhí tréimhse reachtúil 45 lá i gceist). Má shonraítear tréimhse níos lú ar shonraisc, glactar leis an éileamh seo. Sa líon beag cásanna nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, íoctar an t-ús cuí orthu.

Tá dhá chatagóir de sholáthróirí seirbhíse ag CSSO nach dtagann faoi réim an Achta:

- Fágtar táillí Abhcóidí as an áireamh ar bhonn comhairle dlí.
- Má dhámhtar costais ar an ngearánaí, clúdaítear íocaíochtaí aturnaetha atá fostaithe ag daoine i mbun dlíthíochta in aghaidh an Stáit, ag Acht na gCúirteanna, 1981, a bhfuil forálacha ann maidir le híoc úis.

| **Eanáir go Nollaig 2003** | |
|---|---|
| Luach iomlán na n-íocaíochtaí uile: | |
| Luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha (faoi €320 san áireamh): | €594,659 |
| Luach na n-íocaíochtaí déanacha thar €320: | €560,410 |
| Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar % de na híocaíochtaí uile: | 12.16% |
| Líon na n-íocaíochtaí déanacha thar €320: | 183 |
| An méid úis a íocadh: | €4,804 |
| Méid an úis mar % de na híocaíochtaí uile: | 0.102% |
| Comhartha garbh d'fhad na moilleanna (Sonraisc thar €320): | 41 lá |

# Iarcríbhinn E

## Ionadaíocht na hOifige ar Choistí, Ghrúpaí Oibre i 2003

Bord Comhairleach Oifig Náisiúnta na Leanaí

Gréasán na Rúnaithe Cúnta

Cumann Leabharlannaithe Dlí na Breataine agus na hÉireann

Grúpa Tadhaill Ghnó don r-ChomhAireacht

Gréasán Bainistíochta an Athraithe

Fóram Bainisteoirí Faisnéise agus Teicneolaíochta Cumarsáide na Státseirbhíse

Grúpa Meiteashonraí na Státseirbhíse

Coiste Comhairleach na Státseirbhíse

um Sheirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir

Gréasán Oifigeach na Státseirbhíse um Sheirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir

Gréasán Oifigeach Oiliúna na Státseirbhíse

Fóram Máistrí Gréasáin na Státseirbhíse

Grúpa Páirtithe Leasmhara na mBainisteoirí Ábhair CMOD

An Coimisiún um Atáirgeadh Daonna Cuidithe

An Coimisiún um Earnáil Phríobháideach na gCónaitheoirí ar Cíos

An Coiste Físchomhdhála

Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí

Grúpa Dréachtaithe an Chonartha Bunreachta

An Coiste Comhairleach um Athchóiriú an Dlí

Comhairle Comhairleach na gCustaiméirí

Grúpa Forbhreithnithe an Choinbhinsiúin (um Thodhchaí na hEorpa)

Coiste Chomhairle na hEorpa um an Dlí Riaracháin

Grúpa Oibre Chomhairle an AE um Próiseáil Sonraí Dlí

Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa ar Dhlí an Teaghlaigh

Coiste na Rialacha Cúirte

Foireann Tras-Rannach an Bhonneagair

Grúpa Oibre an AE um Phróiseáil Sonraí Dlíthiúla

Grúpa Saineolaithe ar Mholtaí a éiríonn as Tuairisc SMI. An Gharda

Gréasán na nAthbhreithneoirí Caiteachais

An Grúpa Oibre Idir-rannach um Shaoráil Faisnéise

Gréasán na nOifigeach Tadhaill um SF

Grúpa Ghréasán Úsáideoirí na SF

Coiste Reachtaíocht an Rialtais

Gréasán Bainisteoirí Leabharlainne an Rialtais

Rannóg Leabharlanna an Rialtais, Cumann Leabharlainne na hÉireann

Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta

Grúpa Ardleibhéil ag déachtú Páipéar Bháin um Rialú Feabhsaithe

An Grúpa Forfheidhmíochta um Shaincheisteanna Cúitimh

An Coiste Idir-rannach um Dhlíthíocht faoi Chailliúint Éisteachta

An Coiste Comhordaithe Idir-rannach um Ghnóthaí an AE

An Coiste Comhordaithe Idir-rannach um Chúrsaí Núicléacha

An Grúpa Idir-rannach um Cheartas agus Ghnóthaí Baile an AE

An Grúpa Idir-rannach ar Choinbhinsiún an AE

An Grúpa Idir-rannach um Shaincheisteanna Reachtacha na Sochaí Faisnéise

An Grúpa Idir-rannach um Imscrúdú Oireachtais ar Reachtaíocht an AE

An Grúpa Idir-rannach ar Uachtarántacht an AE 2004

An Grúpa Teicniúil Idir-rannach um HRMS

An Grúpa Úsáideoirí Idir-rannach um HRMS

# Iarcríbhinn E
# Ionadaíocht na hOifige ar Choistí, Ghrúpaí Oibre i 2003



An Tascfhórsa Idir-rannach ar Thuarascáil an Choimisiúin um Stádas Daoine Faoi Mhíchumas

Grúpa Idir-rannach na Náisiún Aontaithe

An Grúpa Oibre Idir-rannach ar Shaincheisteanna Cúitimh

An Coiste Stiúrtha Idir-rannach um Fhorfheidhmiú Thuarascáil Mullarkey

An Gréasán Iniúchóireachta Inmheánaigh

An Sainghrúpa Idirnáisiúnta um Dhliteanas Núicléach

Coiste Dlí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Muirí

Grúpa Úsáideoirí Unicorn na hÉireann

Coiste Ceartais na hInstitiúide um Ghnóthaí na hEorpa

An Grúpa Bainistíochta um Athbhreithnithe Breithiúnacha i gCásanna Tearmainn

Coiste Comhairleach MIF

Fo-ghrúpa Bainistíochta Thionscadal an MIF

Coiste na nAirí um Shábháilteacht Núicléach

An Grúpa Airí agus Rúnaithe um Chúrsaí na hEorpa

An Grúpa Náisiúnta um Athbhreithniú Straitéiseach ar an gComhpholasaí Iascaigh

An Grúpa Comhairleach "Gan Locht" (grúpa oibre a bunaíodh chun scéim cúitimh "gan locht" a mholadh le haghaidh leanaí le máchail inchinne atá breith-bhainteach)

Meitheal Oibre an OECD um bainistíocht Rialúcháin

Grúpa Forfheidhmithe an Bhoird um Mheasúnú Gortuithe Pearsanta

Gréasán na nOifigeach Pearsanra

Gréasán PMDS

An Coiste iar-Nally um Shaincheisteanna a Bhaineann le DPP

An Grúpa Oibre um Sheirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir

An Grúpa Athbhreithnithe um Cheadúnú Iascaigh Mhara

Grúpa na Rúnaithe Ginearálta agus na gCeann Oifige

An Grúpa Comhairleach Forfheidhmithe um Údarás Rialaitheach Aonair

An Coiste Tadhaill um Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit

Coiste Stiúrtha an Tionscadail Phíolótaigh chun nós imeacht mionéileamh ar líne a bhunú

Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú na gCóras sa Roinn Talmhaíochta agus Bia

Fo-ghrúpa Cumarsáide an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

Grúpaí Forfheidhmithe an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

Grúpa na Cúirte Uachtaraí um Ríomharú

An Grúpa um Straitéis Cánach

Grúpa Stiúrtha an Tríú Cholúin

Binsí agus Fiosrúcháin

UNCITRAL (Coimisiún na Náisiún Aontaithe ar an Dlí Idirnáisiúnta Trádála)

Grúpa Oibre UNCITRAL um Eadrán

Grúpa Oibre UNICITRAL um Thráchtáil Ríomhchuidithe

Grúpa Oibre UNICITRAL um Dhochmhainneacht

An Grúpa Oibre um Chuntasacht Rúnaithe Ginearálta agus Oifigeach Cuntasaíochta

An Grúpa Oibre um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Dhlí na gCuideachtaí

An Grúpa Oibre ar Dhlínse na gCúirteanna

Grúpa Oibre chun na himpleachtaí a phlé maidir le Coimisiúin Reifrinn le feidhmeanna teoranta a bhunú

An Grúpa Oibre chun Seirbhísí Cróinéara a Athbhreithniú

# Iarcríbhinn F

## Staitisticí na n-iarratas a rinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997: Oifig an Ard-Aighne

| Oifig an Ard-Aighne | Iarratais Faighte | Pearsanta | Neamh-Phearsanta | Measctha | Iarratais Deonaithe | Iarratais Pháirt-deonaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 22 | 6 | 16 | 0 | 4 | 1 |
| 1999 | 27 | 7 | 20 | 0 | 2 | 4 |
| 2000 | 25 | 3 | 22 | 0 | 3 | 3 |
| 2001 | 23 | 4 | 19 | 0 | 2 | 2 |
| 2002 | 22 | 4 | 18 | 0 | 3 | 1 |
| 2003 | 18 | 3 | 15 | 0 | 5 | 4 |
| Total | 137 | 27 | 110 | 0 | 19 | 15 |

| Oifig an Ard-Aighne | Iarratais Diúltaithe | Iarratais diúltaithe faoi mhír 46(1)(6) (An líon iniata in iomlán na nIarratas diúltaithe) | Iarratais Aistrithe | Iarratais Aistarraingthe nó Láimhsithe Lasmuigh de SF | Cásanna Beo | Ath-bhreithnithe Inmheánacha Faighte | Achomhairc chuig an gCoimisiún Faisnéise | Líon Táillí | Méid Gearrtha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 15 | 12 | 1 | 0 | 1 | 6 | 2 | 0 | Neamhní |
| 1999 | 21 | 18 | 0 | 1 | 0 | 6 | 0 | 0 | Neamhní |
| 2000 | 18 | 14 | 0 | 1 | 0 | 4 | 0 | 0 | Neamhní |
| 2001 | 16 | 13 | 0 | 0 | 3 | 2 | 2 | 0 | Neamhní |
| 2002 | 20 | 20 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | Neamhní |
| 2003 | 9 | 9 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 3 | €45 |
| Total | 99 | 86 | 1 | 3 | n/a | 19 | 5 | 3 | €45 |

# Iarcríbhinn F

## Staitisticí na n-iarratas a rinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997: Oifig an Ard-Aighne



**Staitisticí do 2003 Oifig an Ard-Aighne**

| Oifig an Ard-Aighne | Iarratais Faighte | Iriseoirí | Gnó | Oireachtas | Foireann | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01/01/03 go 31/12/03 | 18 | 5 | 4 | 1 | 2 | 6 |

**Staitisticí ó 21 Aibreán 1998 go 31 Nollaig, 2003 Oifig an Ard-Aighne**

| Oifig an Ard-Aighne | Iarratais Faighte | Iriseoirí | Gnó | Oireachtas | Foireann | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 21/04/98 go 31/12/03 | 137 | 36 | 32 | 3 | 5 | 61 |

# Iarcríbhinn F

## Staitisticí na n-iarratas a rinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997: Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | Iarratais Faighte | Pearsanta | Neamh-Phearsanta | Measctha | Iarratais Deonaithe | Iarratais Pháirt-Deonaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 17 | 14 | 3 | 0 | 10 | 0 |
| 1999 | 9 | 3 | 6 | 0 | 4 | 0 |
| 2000 | 23 | 11 | 12 | 0 | 15 | 4 |
| 2001 | 9 | 6 | 3 | 0 | 5 | 0 |
| 2002 | 9 | 5 | 4 | 0 | 2 | 0 |
| 2003 | 6 | 2 | 4 | 0 | 0 | 1 |
| Total | 73 | 41 | 32 | 0 | 36 | 5 |

| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | Iarratais Diúltaithe | Iarratais diúltaithe faoi mhír 46(1)(6) (An líon iniata in iomlán na nIarratas diúltaithe) | Iarratais Aistrithe | Iarratais Aistarraingthe nó Láimhsithe Lasmuigh de SF | Cás-anna Beo | Ath-bhreithnithe Inmheánacha Faighte | Achomhairc chuig an gCoimisiún Faisnéise | Líon Táillí | Méid Gearrtha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 4 | 4 | 2 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | Neamhní |
| 1999 | 4 | 4 | 1 | 0 | 1 | 3 | 1 | 0 | Neamhní |
| 2000 | 5 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | Neamhní |
| 2001 | 4 | 3 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | Neamhní |
| 2002 | 7 | 7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | Neamhní |
| 2003 | 1 | 1 | 2 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | Neamhní |
| Total | 25 | 21 | 5 | 2 | n/a | 7 | 3 | 0 | Neamhní |

# Iarcríbhinn F

## Staitisticí na n-iarratas a rinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997: Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit



**Staitisticí do 2003 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit**

| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | Iarratais Faighte | Iriseoirí | Gnó | Oireachtas | Foireann | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01/01/03 go 31/12/03 | 6 | 1 | 0 | 0 | 1 | 4 |

**Staitisticí ó 21 Aibreán 1998 go 31 Nollaig 2003**

| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | Iarratais Faighte | Iriseoirí | Gnó | Oireachtas | Foireann | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 21/04/98 go 31/12/03 | 73 | 10 | 2 | 0 | 30 | 31 |

# Iarcríbhinn G
## Cairt Eagrúcháin

